

CUISLE

EAGRAN 3

NOLLAIG 1998

£1.50



JOHNNY CHÓIL MHAIDHC
FILE GAN PHOBAL?

Nollaig Shona A Sclábhaí



Will you buy from Santa's little sweatshop?



BOB COLLINS

Cuidimid freagracht a ghlacadh
as a bhfuil i ndán don chraolachán



AN DEUTSCHMARK

TÁ AN SEAN-NÓS SLÁN
SLÁN LEIS
FOINSE NA SCÉALTA

ISSN 1393-7243

9 771393 724002

PICTIÚIRÍ NA NOLLAG



SEO CUID de na pictiúirí a rinne na páistí dúinn i gcomhair na Nollag. Is ó Scoil Phádraig, Ard Mhacha iad, ó rang Róisín de Faioite.

Seo iad na healaíontóirí: Aindrias Ó Gallchóir, Cillian Mac Tiarnáin, Seán Ó Gribbin, Criostóir Ó hEachaidh, Kevin Mac Aodha, Steffan Murphy, Christopher Lavery, Ryan McMurray, Mícheál Mac Uaid, Cathal Ó Ceallaigh, Seán Ó Mealláin. Tá brontanais bheaga ar a mbealach chugaibh, a ghasúra!

Míle buíochas freisin leis na páistí eile i Scoil Phádraig, Ard Macha, a chuir pictiúirí chugainn chomh maith. Ba iad Colm Courtney, Conor Stars, Matthew


Grimes, Adhamh Ó Ceallaigh, Damien MacShane, Jonathan Gibson, Dwayne McShane, Stephen Mac Anerey, Austin Thompson, Cormac Leonard, Damian Ó Tomhnair, Tomás Mac Nioclás, Stíofán Mac Gabhann, Séamus Mac an Rí, Mícheál Scullion, Gareth Ó Tréanfhir, Ciarán Tiffney, Mícheál Quinn, Darren Ó Muirí, Gearóid Wiggins, Kevin O'Hare, James Ó Maonaigh, Aaron Ó hEithir, Seán Mac Íomhair, Caoimhín Mac Grann, Seán Morrison, Tomás Mac Linnáin, Francis Gregory, Malachy Ó Mórdha, Iarlaith Mac Íomhair agus Aodhán Grimley.

Táimid buíoch díobh seo a leanas freisin as ucht pictiúirí a sheoladh chugainn: Gearóid agus Aodán Ó Féinneidhe agus Siobhán Ní Fhéinneidhe, Maigh Cuilinn; Ciarán agus Dónall Ó Dochtaigh, Béal Feirste; agus Isolde Nic Ghiolla Chlaoin, Cluain Tarbh.

Eistigi, a pháistí: ba mhaith linn pictiúirí faoi Lá Fhéile Bhríde a chur i gCuisle tar éis na Nollag. Seolaigi iad chuig Cuisle, Casla, Co na Gaillimhe faoin 15 Eanáir.

Cuirfidh muid brontanais bheaga chugaibh má fhoilsíonn muid bhur bpictiúirí.

Nár laga Dia sibh!



CUISLE


An tEastát Tionsclaíochta,
Casla, Co na Gaillimhe
Teil: 091 572077
Facs: 091 572076
Ríomhphost: cuisle@tinet.ie

Eagarthóir:
Uinsíonn Mac Dubhghaill
Riarthóir:
Mary Ellen Ní Chualáin
Tuairisceoir:
Diarmuid Johnson
Bainisteoir Fógraíochta:
Aisling Ní Dhiomasaigh

Dearadh le:
Caomhán Ó Scolaí

Clóchur:
Kilkenny People

Buíochas le One World Centre,
Gaillimh as ábhar taighde don
phríomhscéal a chur ar fáil dúinn



Arna fhoilsiú ag
Foilseacháin an Phobail Teo,
Casla, Co na Gaillimhe.

San eagrán seo

COS AR BOLG DOMHANDA

Tá suas le 250 milliún páiste ag obair ar fud an domhain. Cuid mhór de na bronntanais a cheannóidh tú an Nollaig seo, is páistí a rinne iad. Tuairisc speisialta le hUinsíonn Mac Dubhghaill 20

ÁR RÉ DHIGITEACH

The digital age will not destroy public service broadcasting, argues RTÉ's director general, **Bob Collins**

10



Nan Tam Taimín

TÁ AN SEAN-NÓS SLÁN

(Mostly) young singers swept the boards at this year's Oireachtas festival, writes **Mairéad Ní Oistín**

14



Newt Gringrich

TITIM NEWT GRINGRICH

Des Johnson on how the mighty are fallen

18

FOINSE NA SCÉALTA

Diarmuid Johnson on *Foinse's* second birthday

28

EADRAINN

Coláiste na Coiribe
An Lia Creidimh agus Pól Ó Muirí
Babhta coimisiúnaithe TnaG

7

BYE BYE DEUTSCHMARK

Tús ré nua i stair na hEorpa le teacht i réim an euro

22

CAMCHUAIRT CHONAMARA

Tim Robinson on Connemara placenames

34

FIACAIL BHRÉIGE DO RUA

Bronntanas Nollag don leon mantach

32

SEANCHAS NUA

Saothar nua le **Liam Ó Muirthile** in ómós do **Johnny Chóil Mhaidhc**

26

SÚIL ADUAIDH

North Belfast still fears the gunman, writes **Seán Mag Uidhir**

37

Ar mhaith leat síntiús a ghlacadh le Cuisle?
Cuisle chugat gach mí go dtí an bhliain 2000
Líon isteach an fhoirm ar leathanach 36

CUISLE AR AN IDIRLIÓN <http://homepage.tinet.ie/~cuisle1>

**Coláiste Phádraig,
Droim Conrach,
Baile Átha Cliath 9.**

(Coláiste de chuid Ollscoil
Chathair Bhaile Átha Cliath)



**Céim B.Oid, B.A. sa Léann Daonna, Céim M.Oid. agus
M.A. sa Ghaeilge, Stair, Bhéarla agus Fhraincis
maraon le M.A. i Staidéar an Aistriúcháin (Gaeilge),
fara dioplómaí iarchéime san Oideachas, san
Oideachas Speisialta
agus i Staidéar an Aistriúcháin (Gaeilge).**

Gach eolas ón Oifig Iontrála.

Teileafón 01-8376191

Feacs 01-8376197



Cúrsaí Gaeilge do Dhaoine Fásta

— gach leibhéal foghlama —
chomh maith le

Laetha saoire gníomhaíochta i

Siúl Sléibhe • Damhsaí Thír Chonaill • Ealaín Mara
Scoil Samhraidh i dTeanga & Cultúr
Potadóireacht Cheilteach • Seinn an Bhodhráin •
Fíodóireacht Taipéise
Scoil Seandálaíochta • Seinn na Fliúite • Imshaol &
Cultúr

Bileog 1999 ar fáil anois ó
OIDEAS GAEILGE

Gleann Cholm Cille,
Co Dhún na nGall

Fón: 073 30248 Facs: 073 30348 email:

oidsgael@iol.ie www: oideas-gael.com


'Saoire den Scoith'



Troscán & Soláirtí Oifige
Office Furniture & Supplies



Cartaí Bainise



**AON ÁBHAR ATÁ UAIT I gCÓIR NA HOIFIGE
TÁ SÉ AGAINN**

Inverin, Co. Galway. Tel. 091 593301 Fax. 091 593303

Litreacha chuig an Eagarthóir

Beidh fáilte roimh chomhfhreagras i nGaeilge, i mBéarla, nó i dteangacha eile
Seol do litir chuig: An tEagarthóir, Cuisle, Casla, Co na Gaillimhe.
Ríomhphost: cuisle@tinet.ie



Cuisle mo Chroí

Séamus Ó Conchubhair,
Rotherham,
South Yorkshire.

A Chuisle, a stór,
TÁIM fíorbhuíoch díot as an
chéad eagrán de *Chuisle* a
sheoladh chugam. Is inné a
tháinig sé thar táirseach
isteach chug-
am agus tá
sé léite go
huile is go
hiomlán
agam.

Is le breis
agus
leathchéad
bliain atáim
anso i ríocht
bheannaithe
Éilise, agus cé
gur i mBaile
Átha Cliath a
phósas mo
bhean chéile,
tháingamar
anall
láithreach,
agus is anso a
saolaíodh ár
gclann mhac
agus iníon –
seachtar ar fad.

Ní
beathaisnéis atá
a scríobh agam
ach cúla éigin
ionas go dtuigfidh tú cé
chomh tábhachtach a bhí sé
Cuisle a fháil. Más mian liom
Gaoluinn a labhairt caithfidh
mé í a labhairt liom féin ar an
uaigneas.

Bíonn *Saol* á fháil agam.
Bíonn *RnaG* á fháil maidin
Sathairn agus Domhnaigh a
bhuí le satailít Astra. Bíonn
cruinniú ag scata beag i
Sheffield ar an gCéadaoin,
agus tá siad in imhe
Gaoluinn shimplí a labhairt
tar éis trí bliana.

As an uaigneas a fhearam
fáilte roimh *Chuisle*,
Is mise srl.

Coláiste na bhFiann

Cathal Ó Catháin,
Ceatharlach.

A chara,
D'FHREASTAIL beirt pháistí
liomsa ar choláistí samhraidh
Choláiste na bhFiann le cúig
bliana anuas, agus tugadh an-

Pádraig Ó hAoláin,
Na Forbacha,
Co na Gaillimhe.

A chara,
FÁILTÍM roimh *Chuisle* agus
guím gach rath uirthi mar iris
a bhfuil cuspóirí
uailmhianacha leagtha amach
agaibh di. Bhí gné amháin
den chéad eagrán,
áfach, a chuir idir olc
agus dhíomá orm. Is é
sin an chaoi ar
déileáladh le bás z. Shíl
mé go raibh sé gránna,
éagórach a ghrianghraf
agus a ainm a fhoilsiú
ar an gcaoi sin, rud
nach ndearna na
meáin Bhéarla fiú sna
cásanna is measa a
tharla le roinnt blianta
anuas go dtí gur
cuistíodh na daoine a
bhí i gceist. Cuma cén
toradh a bheidh ar
fhiosrúcháin an
Gharda Síochána i
ndeireadh na dála,
sílím gur uafásach an
rud é go n-iarrfaí ar
dhuine ar bith
"labhairt linn,
scríobh chugainn nó


facs a chur chun bealaigh",
tráth a bhfuil fiosrúchán fós
idir lámha ag an nGarda
Síochána. Dia idir sinn agus
cleachtais iriseoireachta
Mheiriceá.

Bhí an tEagarfhocal sách
dona, ach bhí alt Chaoimhe
Young ar alt chomh
liobarnach agus a léigh mé le
fada, é breac le líomhaintí ó
iardhalta nach bhfaca tada
agus nár chuala tada faoi mhí-
úsáid ghnéis fad a bhíodar ina
ndaltaí sa choláiste, ach a
bhfuil creidiúint éigin le
tabhairt dá gcuid tuairimí
anois. Is breithiúnas é ar an
eagarthóir níos mó ná ar an
iriseoir óg seo a leithéid seo a
leanas a bheith mar ancaire
san alt: "Rachadh sé chuig
faoistin gach aon uair a rinne
sé an mhí-úsáid gneis.
Thabharfadh an sagart
maithiúnas dó agus deireadh
sé leis gan é a dhéanamh
arís."

Cén chaoi ar féidir a
leithéid sin d'iriseoireacht a
chosaint?


Beir bua srl.

(Rinneadh eagarthóireacht
áirithe ar an litir thuas ar
chomhairle dlí.)



aire dóibh. Tá
ardmholadh ag dul dosna
cinnirí a chabhraigh leo
taitneamh agus tairbhe a
bhaint as na cúrsaí. Níor
shoiléirigh sibh nach raibh
aon bhaint ag an bhfear a
d'ainmnigh sibh le heagrú
Choláiste na bhFiann le
tamall de bhlianta. Aontaím
leis gur ceart na fiosrúcháin a
thabhairt chun críche go
luath, agus an dlí a chur i
bhfeidhm de réir mar is gá,
ach ní dóigh liom go raibh
aon ghá leis an gceannnteideal
suarach i mBéarla ar an gcéad
leathanach de *Chuisle*.

Beir bua agus beannacht srl.



Cuisle, An tEastát Tionsclaíochta, Casla, Co na Gaillimhe.
 Teil: 091 572077. Facs: 091 572 076. Ríomhphost: cuisle@tinet.ie

Seasann Bord na Gaeilge in aghaidh na

NUAIR A foilsíodh anailís faoi thorthaí liteartha an Oireachtais in eagrán na Samhna de *Chuisle*, bhí muid ag ceapadh go mbeadh lucht eagraithe na féile beagáinín míshásta faoi. Ní raibh muid ag súil leis an rud leibideach a rinne siad.

Scagadh agus tuairisceoireacht lom ar na torthaí a bhí san anailís: ní raibh aon tuairimíocht ann. D'fhág muid faoinár léitheoirí pé bri ba mhian leo a bhaint astu.

Insíonn na torthaí a scéal féin, is é sin go bhfuil na comórtais liteartha claonta go mór i dtreo Bhaile Átha Cliath. Formhór mór na mbuaiteoirí sna príomhchomórtais liteartha, is daoine as Baile Átha Cliath iad nó daoine atá ina gcónaí ann le fada an lá. Maidir leis na moltóirí, cónaíonn 26 as 36 díobh sa gcathair cheanna.

D'fhéadfaí argóint a dhéanamh faoin gcúis atá leis sin, faoin leigheas atá air. Ní dhearna muid é sin.

Fuair daoine áirithe, daoine a bhfuil meas againn orthu, locht ar ár n-anailís, agus dúirt nár chuir muid an scéal i gcomhthéacs líon na ndaoine ón nGaeltacht a chuir iarratais isteach ar na comórtais éagsúla. An bhfuil éinne ag scríobh sa Ghaeltacht a thuilleadh? B'fhéidir nach bhfuil.

Luaigh daoine eile gur cheart dúinn a thabhairt le fios san alt nach mbíonn a fhios ag na moltóirí féin cé hiaid na scríbhneoirí a bhíonn faoi scrúdú acu. Is faoi ainmneacha cleite a chuirtear na hiarratais faoina mbráid.

Pointí stuama iad sin agus glacann muid leo. Dá gcuirfeadh lucht na féile litir chugainn leis na pointí sin d'fhoilseofadh muid í agus fáilte. Ach cén freagra a bhí acu ar an alt?

Sula raibh an t-alt ná an iris féin feicthe acu chuir siad litir chuig Bord na Gaeilge ag éileamh go ndéanfaí "athbhreithniú" ar an deontas a thugann an Bord dúinn - agus do *Fhoínse*, mar gheall ar alt suimiúil a scríobh Breandán Mac Gearailt faoi



Mícheál Ó Muircheartaigh

aighneas idir an coiste áitiúil agus coiste náisiúnta an Oireachtais.

Ach oiread leis an bpáiste millte nach sásódh rud ar bith é ach an bréagán daite a chonaic sé ar an teilifís, ba í an teachtaireacht shoiléir a tháinig uathu ná 'ní maith linn é, cuir deireadh leis'.

Ba náireach an beart é sin do dhream atá in ainm is a bheith ag obair ar son na teanga. Iarracht a dhéanamh deireadh a chur le foilseachán úr, dúshlánach, foilseachán a bhfuil géarghá leis i saol na Gaeilge.

Léiríonn sé gur dóigh leis an Oireachtas gur diamhasla atá ann an mhéar a shíneadh leo. Léiríonn sé nach síntear an mhéar ina dtreo sách minic, agus nach bhfuil mórán taithí acu ar cháineadh ná ar dhíospóireacht.

Bhuel, tá scéal againn do na déithe beaga ar choisú éagsúla an Oireachtais. Más diamhasla é ceist a

chur faoina bhfuil ar siúl agaibh, bígi réidh leis an uisce coiscrithe a chaitheamh ar chlúdach *Chuisle* go minic.

Nó, fearacht lucht dóite na leabhar faoi réimeas na naitsíoch, arbh fhearr libh tine mhór a chur faoi bheartán den iris taobh amuigh de Ardoifig an Phoist? Tabharfaidh muid praghas speisialta daoibh má cheannaíonn sibh 100 cóip. Caithfidh muid isteach an peitreal saor in aisce.

NUAIR A tháinig an litir faoi bhráid chruinniú Bhord na Gaeilge a tionóladh le linn an Oireachtais i dTrá Lí, rinne an Bord beart stuama agus caitheadh amach an t-éileamh.

Mheabhraigh cathaoirleach an bhoird, Mícheál Ó Muircheartaigh, don chruinniú gur iris neamhspleách í *Cuisle*. Ní hamháin go raibh orthu glacadh leis go bhfoilseofaí altanna conspóideacha inti, faoi mar a tharla i gcás Cholaíste na bhFiann agus an Oireachtais sa chéad dá eagrán. Ach 'chuile sheans go mbeadh Bord na Gaeilge féin faoi scrúdú aici an chéad mhí eile. Bheadh orthu glacadh leis go raibh an ceart sin ag *Cuisle*, a dúirt sé leo.

D'aontaigh an cruinniú leis agus sheas an bord in aghaidh iarracht cinsireachta an Oireachtais. Dhearbhaigh an bord arís gurbh é a pholasaí gan aon iarracht a dhéanamh cur isteach ar shaoirse eagarthóireachta na bhfoilseachán Gaeilge.

Ginneadh tábhachtach, cinniúnach é sin, ach ní bheifeá ag súil lena mhalairt ó dhaoine fásta in Éirinn na 1990í. Cuirfidh muid i gcuimhne don bhord arís é, nuair a bheas an scrúdú sin a luaigh an Muircheartach ar bun againn.

Díol iontais agus trua é go ndéanfaidh lucht an Oireachtais a leithéid d'iarracht. Is teist mhaith é ar

cinsireachta

na fadhbanna struchtúrtha atá ina mbac ar fhorás na féile.

Díol iontais é, chomh maith, an neamhshuim a rinne na meáin Ghaeilge den scéal – seachas Raidió na Gaeltachta, dream a phléigh an cheist go hionraic ainneoin *lovebombing* an stáisiúin ar an bhféile féin.

Smid níor foilsíodh faoin scéal i bhFoinse, i *Lá*, ná i *dTuarascáil* an Irish Times – agus cuireadh ar an eolas iad. Féinchinsireacht, b'fhéidir, nó an bhfuil clár ceilte i gceist ag cuid acu?

Maidir leis an Oireachtas féin, ba cheart go mbeadh sé ar cheann d'fhéilte móra na tíre. Níl ann faoi láthair ach cineál club do Thomás Taobh Istigh agus a chairde.

Amach anseo, déanfaidh muid anailís chuimsitheach ar bhallraíocht na gcoistí éagsúla a bhíonn ag plé leis an bhféile ó bhliain go bliain. Measann muid go mbeidh scéal suimiúil le hinsint ansin.

Idir an dá linn, seo roinnt ceisteanna dóibh. Cá fhaid eile a bheas Úna Ní Lachtnáin ag dreapadh ar an stáitse nuair atá Corn Uí Riada le bronnadh? Cá fhaid eile a phlúchfar an fhéile faoi lámh mharbh Chonradh na Gaeilge?

Le *Cuisle* a thabhairt ar an saol bhí ar lucht a bunaithe plean oibre a réiteach, tairiscint a chur faoi bhráid Bhord na Gaeilge, an tiarratas a phlé leo agus mar sin de. Bhí cead ag duine nó ag grúpa ar bith tairiscint dá chuid féin a chur isteach.

Cén fáth nach ndéanfaí an rud céanna leis an maoiniú atá ar fáil do fhéile mhór na Gaeilge? Cead ag lucht an Chonartha agus a chuid puipéidí iarratas a chur isteach. B'fhéidir go mbeadh suim ag Oideas Gael, Pléaráca Chonamara, Gael-Taca, Gael-Linn nó dreamanna eile iarratais dá gcuid féin a chur isteach.

Cibé rud a tharlódh, tá rud amháin cinnte. Bheadh an fhéile an bhliain dár gcionn míle uair nfb' fhearr ná an rud a bhí thíos i dTrá Lí.

EADRAINN



LE DÉANAÍ bhronn an tAire Stáit Éamonn Ó Cuív Gradam an Phiarsaigh 1998 ar Phádraig Mac Donncha, bainisteoir Chomharchumann Ráth Cairn agus uachtarán Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge. Roghnaíodh é as ainmniúcháin éagsúla a rinne balleagrais Fhondúireacht an Phiarsaigh, coistí Ghlór na nGael agus craobhacha Chonradh na Gaeilge.

Oibrí díograiseach ar son Ghaeltacht Ráth Cairn le fada an lá é Pádraig. Is iomaí cipín ar a bhois le blianta anuas: tá sé ina chathaoirleach ar Chomhairle Raidió na Gaeltachta agus ina chathaoirleach ar Mheitheal Forbartha na Gaeltachta, gan ach péire acu a lua.

Sa ghrianghraf thuas tá sé in éineacht leis an Aire Stáit agus le Bláthnaid Ó Brádaigh ón bhFondúireacht.

Líomhaintí 'gan bhunús substaintiúil' i gColáiste na Coiribe

NÍL AON fhiosrúchán á dhéanamh ag Coiste Gairmoideachais Chathair na Gaillimhe maidir le líomhaintí a rinne tuismitheoirí éagsúla faoi bhall foirne i gColáiste na Coiribe, an iarbhunscoil lánGhaeilge sa chathair.

Mí Bhealtaine seo caite sheol dlíodóir i nGaillimh litir thar ceann grúpa tuismitheoirí chuig baill bhord bainistíochta na scoile. Dúirt sé go ndearna na tuismitheoirí líomhaintí tromchúiseacha maidir le heachtraí áirithe a deir siad a tharla sa scoil. Níor ainmnigh sé aon ghearánaithe, áfach.

Thart ar an am céanna sheol tuismitheoirí aonaracha litreacha chuig cathaoirleach an bhoird bhainistíochta, Seán Ó Gioballáin, agus chuig príomhoifigeach feidhmiúcháin an VEC, Pádraig Ó Riain. Rinne na tuismitheoirí sin

líomhaintí maidir le heachtraí a tharla sa scoil, dar leo féin, agus chuir siad a n-ainmneacha leis na litreacha.

Tá cóipeanna de chuid de na litreacha seo feicthe ag *Cuisle*. Seo ceann díobh: "A chara, my daughter [*ainm*] left Coláiste na Coiribe following her Junior Cert in 1997. Although she has settled in her new school I feel she still suffers as a result of the harsh discipline and punishments she endured when she was a pupil of Coláiste na Coiribe.

"She was punished for very minor offences and the punishments were extremely severe and unwarranted. I feel that the 'corrections' were not beneficial to her and damaged her self-confidence and general well-being. She often came home from school in a distressed condition.

"I have to say that I found Coláiste na Coiribe lacked the professionalism I enjoyed with other schools my children have attended. I feel that my daughter's good character has been demeaned and undermined and as her mother I am aggrieved.

"I write to put my feeling on this

matter on the record. Is mise, le meas, [ainm]."

Dúirt cathaoirleach Choiste Gairmoideachais Chathair na Gaillimhe, an comhairleoir Mícheál Ó hUiginn, nach raibh "aon rud substantive" sna líomhaintí a rinne na tuismitheoirí, agus nach raibh aon fhiosrú ar bun dá bharr.

"Níor tháinig aon rud isteach a bhféadfaí fiosrúchán a dhéanamh air," a dúirt sé. "Níor chuala mé aon rud substantive - níor cuireadh aon rud faoi bhráid an choiste ghairmoideachais é féin."

Maidir leis an bhfolúntas i bpost an phríomhoide sa scoil - fógraíodh an post mí Bhealtaine ach níor ceapadh éinne go fóill - dúirt sé gur pléadh an cheist seo ag cruinniú den choiste gairmoideachais le gairid agus go ndéanfaí an

ceapachán go luath.

Dhiúltaigh an Roinn Oideachais aon rud a rá faoi líomhaintí na dtuismitheoirí. Dúirt urlabhraí na Roinne gur cheist í don VEC. Dúirt feidhmeannach Ghaelscoileanna, Jacqueline Ní Fhearghusa: "Níl Gaelscoileanna sásta aon rud a rá faoi chúrsaí sa scoil sin faoi láthair."

Dúirt príomhoifigeach feidhmiúcháin an VEC, Pádraig Ó Riain, an méid seo i ráiteas scríofa: "Níl an folúntas mar phríomhoide ar Choláiste na Coiribe líonaithe fós. Líonfar go gairid é."

"Níl aon iniúchadh á dhéanamh ar aon bhall foirne i gColáiste na Coiribe. Má chuirtear an Coiste Gairmoideachais ar an eolas, go cruinn, faoi líomhaintí sonracha i leith aon oifigigh, cuirfear na líomhaintí faoi bhráid an té



sin, le freagra a thabhairt, agus tionólfar iniúchadh ina leith. Níl líomhaintí sonracha dá leithéid déanta faoi láthair."

Tháinig facs eile ó Thomás Mac Pháidín, príomhoide feidhmeach Choláiste na Coiribe. "Má tá líomhaintí i leith aon bhall foirne i gColáiste na Coiribe, ba cheart iad a chur i láthair an bhoird bhainistíochta. Níl aon iniúchadh á dhéanamh ar aon bhall foirne maidir le líomhaintí ar bith ina choinne. Is é príomhaidhm an choláiste ná dul chun cinn agus forbairt oideachasúil gach scoláire."

Rinne *Cuisle* iarrachtaí éagsúla an scéal seo a phlé le cathaoirleach bhord bainistíochta na scoile, Seán Ó Gioballáin. Fágadh roinnt teachtaireachtaí dó ar a ghléas freagartha sa bhaile. Agus muid ag dul i gcló, ní raibh aon fhreagra faighte againn ar na teachtaireachtaí sin.

Comhar values

Ní hÉ a laghad spáis a

thugtar don Ghaeilge sna nuachtáin an chúis ghearáin ach an mhí-úsáid a baintear as an gcuid is mó de. An t-iriseoir Breandán Ó hEithir, nach maireann, a scríobh na focail seo faoi Nollaig 1988.

Tagann siad ar ais chun cuimhne agus iniúchadh á dhéanamh ag *Cuisle* ar an gcolún *Tuarascáil* san Irish Times. Tá faobhar in easnamh ar an gcolún céanna le tamall de mhíonna anuas; tranglam de bhlúiríní beaga nuachta, rachtanna tuairimíochta agus léachtanna leadránacha a bhíonn inti na laethanta seo.

Mar a gcéanna leis an iris *Comhar*, a bhfuil an t-eagarthóir céanna aige is atá ag *Tuarascáil*, is é sin, Pól Ó Muirí. Tá folúntas ann d'eagarthóireacht Chomhar, áfach, agus ainm Antain Mhic Lochlainn á lua mar chomharba air.

Beidh jab le déanamh ag Antain, má tá sé chun an iris a tharrtháil ón bpoll inar thit sí faoi eagarthóireacht Uí Mhuirí. Tá lagiarracht déanta ar dhearadh nua a thabhairt



Soláthraíonn Telegael áiseanna léirithe agus iarléirithe do chraoltóirí agus do léiritheoirí neamhspleácha teilifíse in Éirinn agus thar lear.



TELEGAEEL

An Spidéal
Gaillimh
Tel: 091-553460

82 Sráid Liosan Uacht.,
Baile Átha Cliath 4
Tel: 01-6683738

www.telegael.com

◀ “NÓÓÓ . . . A ÍTE, NÁ DÉAN . . .” Nuair a theip ar Ghearróid Ó Cairealláin aon leasú mór a dhéanamh ar Chonradh na Gaeilge chrom sé arís ar an drámaíocht. Seans gur mó taitnimh a bhain sé as an bpáirt a ghlac sé sa dráma *Lia Creidimh* le Brian Friel (féach an grianghraf) ná as na scórtha cruinnithe leadránacha ar ar fhreastail sé le linn a thréimhse mar uachtarán ar an eagraíocht. Fuair an compántas amharclainne a bhfuil baint aige leis, Aisling Ghéar, deontas £8,000 ó Chomhairle Cathrach Bhéal Feirste ar na mallaibh le scéim oiliúna sé mhí a chur ar siúl. Tá dráma in aghaidh na míosa á chur ar stáitse acu faoi láthair. An mhí seo beidh siad ag ceiliúradh na Nollaig le dráma nua dá gcuid féin, *Nollaig, an dá lá*.

Deir siad go mbeidh “spórt, greann agus siamsa ann”. Beidh an dráma ar siúl i gCultúrlann McAdam-Ó Fiaich, Bóthar na bhFál, ón gCéadaoin 16 Nollaig go dtí an Satharn dár gcionn ar 8.30 p.m. gach oíche.

Duine fuinniúil é an Caireallánach, agus le déanaí osclaíodh bialann nua i mBéal Feirste faoina stiúir. Míl ar Luachair an t-ainm atá air, agus tá sé suite i gceartlár na cathrach. Fágann sin dhá áit i mBéal Feirste ar féidir leat do chuid tae a ordú trí Ghaeilge – agus tada i mBaile Átha Cliath fós ainneoin a bhfuil ann d’eagraíochtaí Gaeilge. Athróidh an scéal sin go luath, áfach. Is gearr go n-osclófar caifé beag in íoslach an tí i gceannáras Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge ar Shráid Chill Dara, Baile Átha Cliath. An mbeidh sé réidh don Nollaig?

do Chomhar le deireanas, ach ní leor é. *Deux points*, mar a déarfadh lucht na hEoráifeise.

Maidir le Ó Muirí féin, le gairid socraíodh an cás dlí a chuir sé ar Ghearróid Ó Cairealláin agus lucht na Cultúrlainne i mBéal Feirste. Thóg sé an cás nuair nár éirigh lena iarratas ar phost mar oifigeach ealaíne sa Chultúrlann, agus nuair a ceapadh bean nach raibh chomh cáilithe leis sa phost. B’é an argóint a bhí aige go ndearna siad éagóir air toisc nach raibh sé le háireamh i measc lucht tacaíochta Shinn Féin, agus go raibh an bhean a fuair an post luaite leis an bpáirtí sin.

Mar chuid den socrú a rinneadh, gabhfaidh an Chultúrlann leithscéal leis go poiblí agus admhóidh siad go ndearna siad éagóir air. Ní bhfaighidh Ó Muirí aon phingin as, áfach: thoiligh sé gan aon chúiteamh a lorg.

Fágann sin níos mó ama aige le luí isteach ar an irisoiracht – is é sin, taobh amuigh dá chúraimí

mar chomhairleoir ealaíne Gaeilge le Comhairle Ealaíon Thuaisceart Éireann.

Ní gnáthach do irisoirí eile an Irish Times baint a bheith acu le grúpaí sainspéise a bhaineann lena réimse oibre féin. Ní fheicfidh tú Frank McDonald ag glacadh páirte in imeachtaí Greenpeace, mar shampla. Ach is eisceacht í an Ghaeilge feasta, is cosúil.

Slán le Seán

BUILLE TROM do TnaG agus do rannóg na gclár Gaeilge in RTE is ea imeacht Sheáin Uí Thuairisc ón gclár *Cead Cainte*. Duine de na craoltóirí cúrsaí reatha is sinsearaí in RTE is ea Seán; is beag duine eile sa stáisiún atá chomh géarchúiseach leis agus é i mbun agallaimh le polaiteoir.

Tuigtear dúinn go bhfuil sé i gceist aige cuid mhór ama a chaitheamh i mBoston feasta. Gura fada buan é i mbun a shaoil nua.

Idir an dá linn, tá ráflaí éagsúla ag dul thart faoi chomharba Uí Thuairisc. Tuigtear go bhfuil suim ag ar a laghad beirt pholaiteoirí sa phost, agus bainisteoir iascaireachta san oirdheisceart.

San fhógra a chuir RTE amach faoin bpost, áfach, deirtear go nglacfar le hiarratais ó dhaoine óga fuinniúla, chomh maith le hiarratais ó irisoirí sinsearaigh. Cá bhfios nach aghaidh nua ar fad a bheas i mbun an chláir?

Féile na bhfíli

IS É Micheál Ó hAllmhuráin, Baile Uí Thaidhg, Co Chiarraí a bhain an chéad duais (£300 agus Buantrófaí Chonradh na Gaeilge) ar dhán Gaeilge sa gcomórtas Féile Filíochta '98.

Seo féile atá á heagrú ag leabharlann Dhún Laoghaire ó 1988. Féile filíochta ocht dteanga atá ann, agus is é Leabharlannaí an Chontae Muiris Ó Raghail an príomheagraí. “Tá mé ana-shásta leis an nGaeilge i mbliana,” ar sé, “agus seo í an chéad bhliain a raibh Gáidhlig na hAlban againn.”

Seo hian na buaiteoirí eile sna comórtais Ghaeilge: **daoine fásta** – Áine Ní Fhoghlú, Rinn Ó gCuanach; Nóirín Ní Ruanaí, Doire; Gearóid Ó Cillín, Oregon; **faoi 16** – Cormac Ó Coileáin, Ard Eidhin, BÁC; Julia Ní Chinnéide, Rathgar, BÁC; Róisín Stack, Luimneach; **faoi 11** – Ferdia Ó Corragáin, Cionn tSáile; Georgina Ní Dhálaigh, Luimneach; Ciarán Ó Gormlaigh, Baile an tSaoir.

As áiteacha éagsúla i gceithre chearda na tíre do na buaiteoirí, ní hionann, cuir i gcás, agus formhór bhuaiteoirí liteartha an Oireachtais.

TnaG ar thóir ‘ollsholáthair’

CEANN de na buntáistí a luadh le TnaG an chéad lá riamh ná go gcruthódh an stáisiún go leor postanna i gcomhlachtaí beaga léiriúcháin ar fud na tíre.

Tharla sin. Ní gá gur mar sin a bheas sé amach anseo, áfach. Claonadh chun lárnaithe atá le feiceáil san eolas a sheol an stáisiún amach faoina bhabhta coimisiúnaithe is déanaí. Is é an 15 Eanáir an sprioc-dáta le haghaidh iarratas.

Deirtear ann go gcuirfidh TnaG fáilte “roimh thairiscintí ó chomhlachtaí neamhspleacha ar acmhainn dóibh agus ar mian leo sciar shuntasach dá sceideal spóirt a ollsholáthar di. Is féidir go socrófaí de thoradh na tairisceana gur ó sholáthraí amháin neamhspleách a thíocfadh an codán suntasach sin de sceideal iomlán spóirt na seirbhíse nach bhfuil á sholáthar ag RTE di.”


Beidh suim ag an gcomhlacht Nemeton sa Rinn sa mhéid sin.

Maidir le siamsaíocht, luaitear trí réimse: siamsaíocht sheachtainiúil, siamsaíocht réigiúnach agus cluichí stiúideo. Deirtear: “Is féidir go socrófaí de thoradh na tairisceana go ndéanadh comhlacht amháin ollsholáthar ar sciar shuntasach den sceideal siamsaíochta faoi na réimsí seo . . .”

Sa tsiamsaíocht sheachtainiúil beidh “meascán de cheol, caint, greann, searús agus daonnacht ar bhuisead teoranta”.


Séard ata i gceist le siamsaíocht réigiúnach “ceiliúradh ar ghnéithe de shaol, saothar, cultúr agus pobail na gceantar”. Ní luaitear an focal Gaeltacht ná Galltacht.

ÁR RÉ DHIGITEACH



« Beidh aon chainéal déag scannán ann mar a mbí

LÉACHT AN OIREACHTAIS le BOB COLLINS



Raidió na Gaeltachtaí i gcathair Benin, an Nigéir

idh rogha de chúig scannán a thosnóidh gach uair a' chloig >>


The dawn of the digital TV age will reinforce rather than undermine public service broadcasting, argues RTÉ's director general, Bob Collins, in this edited extract from his recent Oireachtas lecture

TÁ CLAOCHLÚ ag teacht ar chúrsaí craolacháin ar fud an domhain. Agus in Éirinn. Mí Bhealtaine seo chugainn, seolfaidh RTÉ cainéal ceoil agus ealaíon ar an raidió. Beidh an ceanncheathrú i Luimneach agus craolfar seirbhís raidió náisiúnta ceithre huaire fichead. Um an dtaca céanna, leathnófar uaireanta craolta Raidió na Gaeltachta óna seacht ar maidin go dtí na leathuair tar éis a haon déag istioíche nó mar sin. Teilifís na Gaeilge agus TV3, sin dhá stáisiún nua teilifíse laistigh de dhá bhliain i stát 3.5 milliún duine.

Níl sna hathruithe móra sin ach blaiseadh dá bhfuil i ndán dúinn. Craolachán digiteach atá romhainn. Níl dul as. Gan an teicneolaíocht ní fhéadfaí craoladh a dhéanamh, agus tá an teicneolaíocht féin ag cur na gcráiceann di i gcónaí. Glúin ó shin, tháinig an teilifís dhaite. Ach is ar scála eile ar fad a thiocfaidh na hathruithe atá romhainn an uair seo.

Nuair a thiocfaidh an teilifís dhigiteach beidh suas le dhá chéad cainéal le fáil. Sheol SkyDigital a sheirbhísí ar saithlít ar an gcéad lá de Dheireadh Fómhair. Tá buiséad £60 milliún socraithe chun fógraíocht a dhéanamh ar sheirbhís a gheallann 'the widest choice of programming available'.

Beidh aon chainéal déag scannán ann mar a mbeidh rogha de chúig scannán a thosnóidh gach uair a' chloig; beidh deich gcinn de chainéil fhaisnéise; BBC1 agus BBC2 maraon le dhá chainéal nua de chuid BBC, BBC Choice agus BBC News 24; beidh



BOB COLLINS

sheirbhísí cábla sa Bhreatain le dhá bhliain anuas.

Ní bheidh i SkyDigital ach ceann de dhá sheirbhís dhigiteacha ar saithlít a bheidh bunaithe sa Bhreatain, dhá sheirbhís a bheidh san iomaíocht le chéile. Agus beidh cainéil dhigiteacha teilifíse á dtairiscint ar chábla agus trí tharchur talmhaí. Tá sé seo ann cheana féin. Meastar gur chláraigh

NÍ HÉ AN méadú ar líon na gcainéal teilifíse agus raidió an t-aon ghné réabhlóideach den teicneolaíocht dhigiteach. Baineann an teicneolaíocht dhigiteach le craolachán, le ríomhaireacht agus le teileachumarsáid. Dá réir sin, beidh ar ár gcumas cineálacha teicneolaíochta a bhí deighilte óna chéile go dtí seo a thabhairt le chéile anois. I gceann blianta beaga, tharlódh gur teirminéal ríomhaireachta a bheadh sa teilifíseán teaghlaigh chomh maith, agus go mbeadh móideim air.

Tá a fhios againn go bhfuil teacht ag ochtó milliún saoránach ar an Idirlíon i Stáit Aontaithe Mheiriceá. Baineann breis agus leath na

'Tá sé de dhualgas orainn freagracht a ghlacadh as a bhfuil i ndán don chraolachán agus gan é a fhágaint faoi fhórsaí lasmuigh dár ndaonlathas agus dár gcultúr'

cláracha RTÉ ann chomh maith faoi éide Tara Television, an cainéal as Éirinn atá á dháileadh ar

10 milliún síntiúsóir ar fud an domhain do sheirbhísí teilifíse digitéil le ceithre bliana anuas.

ndaoine idir sé bliana déag agus ceithre bhliana déag is fiche úsáid as an Idirlíon.

Dhá bhliain ó shin, i 1996, tosaíodh ar Web TV sna Stáit Aontaithe. Áis atá anseo do theilifís idirghníomhach trínar féidir leis an mbreathnaitheoir sa bhaile breis eolais a fháil mar gheall ar chlár nó mar gheall ar fhógra le linn don chlár nó don fhógra a bheith á chraoladh.

D'fhéadfaí a rá gur saghas 'tv-plus' atá i gceist — fortheilifís, b'fhéidir — córas a ligeann duit roghnú a dhéanamh ar an mionneolas nó ar na mionsonraí atá uait ar scáileán do theilifíseáin. Mí Iúil na bliana seo,

'Ní fada go mbeidh an téarma glacadóir teilifíse chomh seanfhaiseanta leis an bhfocal wireless'

cuireadh glacadóirí do theilifís dhigiteach ar an margadh i Meiriceá don chéad uair agus spreag sé sin borradh nua spéise sa teilifís idirghníomhach.

Maidir leis na teilifíseáin a úsáidfimid, ní fada go mbeidh scata áiseanna orthu nach bhfuil ar fáil faoi láthair ach amháin ar ríomhairí pearsanta. Beimid in ann feidhm a bhaint as an teilifís chun eolas a chuardach. Ní fada go mbeidh an téarma glacadóir teilifíse chomh seanfhaiseanta leis an bhfocal *wireless*.

Chloisfeá daoine á mhaíomh uaireanta go mbeidh an teilifís mar áis phearsanta ag mórán daoine. Dar liom féin go mb'fhéidir go mbeadh a leithéid i gceist do roinnt daoine, ach i ndáiríre gur mó is ní gur lú an tábhacht a bheidh leis an gcráolachán mar nasc sóisialta feasta.

Tá teilifíseáin ag breis agus milliún teaghlach anseo. I gcás daichead a trí faoin gcéad acu seo tá dhá theilifíseán ar a laghad acu. I mórán acu seo, is ina n-aonar a fhéachann daoine ar an teilifís agus ní lena muintir.

Bíonn leanaí ag faire na teilifíse leo féin ina seomraí codlata. Treisítear claonta cultúrtha i leith ceoil nó grinn iontu, claonta atá i bpáirt acu lena gcomhaoisigh, ach nach bhfuil ag a dtuismitheoirí nó ag a dtuismitheoirí sin. Má ghlacaimid sampla eile, bhí baint lárnach ag an teilifís le domhan sóisialta ar leith a chruthú d'fhearaibh óga as an sacar.

Níl anseo ach leide beag faoina bhfuil ag teacht. Is é fo-roinnt an lucht éisteachta atá i gceist, agus de réir mar a mhéadóidh ar líon na gcainéal, déanfar fo-roinnt ar na daoine a bheidh ag breathnú ar an teilifís.

Cén tionchar a bheidh aige sin ar chultúr, ar thraidisiún agus ar chruthaitheacht na tíre seo? Cad a tharlóidh dár dtuiscint ar an gcomhlúadar? An mbeidh scóp ann do dhearcadh agus do luachanna Éireannacha ar leith i ndomhan an chraolacháin? Conas a éireoidh linn ár nguth a bheith le cloisint i measc an oiread sainseirbhísí a bheidh ag coimhlint lena chéile le haird na

ndaoine a tharraingt?

S DÚSHLÁN é seo dúinn. Is gá dúinn domhain-mhachnamh cruthaitheach a dhéanamh air. Is gá dúinn polasaí náisiúnta craolacháin a cheapadh. Is gá dúinn dlíthe a dhéanamh a bheidh dóthanach don réalacht atá romhainn.

Tá bém á cur agam air sin toisc go bhfuil daoine inniu ann — agus daoine iad a bhfuil tionchar mór acu — a fhiafraíonn cén bhaint atá ag polasaí náisiúnta le cúrsaí craolacháin. Canathaobh dlíthe craolacháin? Is gníomhaíochtaí tráchtála, dar leo, an teilifís agus an raidió, agus creideann siad, dá réir sin, go gcinnteoidh dlí na hiomaíochta ar láthair an mhargaidh dóthan rialacháin do chúrsaí craolacháin.

Tá ráite agam arís is arís eile nach n-aontaím leis an dearcadh sin, mar nach gcreidim gur earraí tomhaltóireachta iad an teilifís agus an raidió ar nós na n-earraí atá ar fáil ar sheilfeanna na n-ollmhargaí.

Is amhlaidh a chreidimse gur earra poiblí an craolachán atá ar aon dul leis an oideachas nó leis an tseirbhís sláinte.

Is cuid dár ndaonlathas é, agus is cóir todhchaí an chraolacháin a phlé i measc an phobail s'againn féin. Tá sé de dhualgas orainn freagracht a ghlacadh as a bhfuil i ndán don chraolachán agus gan é a fhágaint faoi fhórsaí lasmuigh dár ndaonlathas agus dár gcultúr.

Sky Digiteach in Éirinn

Le **hUiltán Ó Maicín**
agus **Uinsíonn Mac Dubhghaill**

TÁ DÍOLTÓIRÍ ó Sky TV ag taisteal na tíre faoi láthair, iad ag iarraidh a chur ina luí ar dhaoine gur cheart dóibh glacadh leis an bpacáiste nua digiteach atá acu.

Suas le 500,000 duine a ghlacann leis an tseirbhís atá ar fáil ó Sky faoi láthair, a deir oifigeach eolais ón gcomhlacht. Chun an tseirbhís nua a fháil, beidh ar dhuine mias saillíte nua a fháil, agus gléas díchódaithe le cur in aice an teilifíseáin.

Deirtear go gcosnóidh an tseirbhís dhigiteach idir £400 is £500, rud a chiallaíonn nach mbeidh mórán daoine sa tóir air. Ach faoi mar a dhéantar leis na fónacha póca, is cosúil go bhfuil straitéis margaíochta á beartú leis an gcostas mór sin a laghdú.

Tá impleachtaí móra ann don chomhlacht Cablelink agus do na comhlachtaí cábla eile a bhaineann buntáiste as an monaplacht aisteach sin a bhronn Ray Burke orthu tamall de bhlianta ó shin.

Faoi láthair, is iadsan amháin a sholáthraíonn seirbhísí MMDS i gceantair tuaithe, trínar féidir le daoine san iarthar agus sa deisceart breathnú ar stáisiúin teilifíse na Breataine. Tá raic leanúnach ann toisc na hiarrachtaí atá á ndéanamh acu na dreamanna atailgthe teilifíse — lucht na deflectors — a chur den aer agus monaplacht aisteach na gcomhlachtaí cábla a choinneáil slán.

Má éiríonn le lucht Sky na stáisiúin Bhreataineacha a chraoladh ar chostas réasúnta, brisfead monaplacht na gcomhlachtaí cábla ina smidiríní, agus fágfar cairde Ray Burke ar an trá tholamh.

Deir Sky — go hoifigiúil, ar aon nós — nach mbeidh BBC, Channel 4 nó Channel 5 ar fáil uathu sa Phoblacht, toisc nach bhfuil ceadúnas acu a leithéid a chraoladh abhus.

Ach beidh na stáisiúin sin — agus BBC Choice, BBC News 24, agus stáisiún eile — ar fáil do dhuine ar bith a ghlacann leis an bpacáiste digiteach i dTuaisceart Éireann.

Is ón saillit Astra a thagann craolacháin Sky faoi láthair. Clúdaíonn an comhartha Éire, an Bhreatain, agus cuid den Mhór-Roinn — beagbheann ar theorannacha nó ar chríochdheighilt.

Mar sin, duine ar bith a cheannaíonn an treallamh cuí i mBéal Feirste, beidh sé in ann breathnú ar BBC agus Channel 4, is cuma cén áit sa tír ina bhfuil sé agus is cuma céard a deir na húdaráis.

Tá Ray an MMDS thart.



le Mairéad Ní Oistín

TÁ AN sean-nós slán. Ag Oireachtas na bliana seo ba é an rud ba shuntasáí sna comórtais sean-nóis ná feabhas na ndaoine óga. Bhí sé spéisiúil freisin gur cúigear ban a glaoth ar ais orthu i gCorn Uí Riada, agus gur cúigear ban óg a bhí iontu.

Is léir go bhfuil an amhránaíocht i gConamara breá sláintiúil, ach is líon

beag daoine óga as na Gaeltachtaí eile atá ag teacht chun cinn le roinnt blianta anuas.

Is beag Conallach a bhí páirteach i gcomórtais mhóra an Oireachtais i mbliana, rud is fíor freisin faoi Ghaeltachtaí na Mumhan agus Mhaigh Eo. Ar ndóigh, bheadh turas an-fhada ar na Conallaigh chuig Oireachtas na bliana seo, agus is cóir é sin a chur san áireamh, go háirithe agus Corn Uí Riada buaite ag na

Conallaigh trí huairé ó thús na naochaidí.

Tá sé deacair cáiliú do na comórtais mhóra anois. Ardaíonn sé seo an caighdeán, ach fágann sé go mbíonn drogall ar go leor amhránaithe maithe cur isteach ar an Oireachtas ar fhaitíos nach n-éireodh leo cáiliú do na comórtais mhóra.

Faoi láthair níl ach seans amháin ag duine cáiliú do na comórtais seo má tá sé os cionn 35, agus dhá sheans má tá sé faoi 35. Ní haon iontas go bhfuil ag éirí go maith leis an dream óg.

IS FIÚ a chur san áireamh go bhfuil roinnt mhaith d'amhránaithe móra na linne seo a bhuaigh duaiseanna i Comórtas na bhFear, i gComórtas na mBan nó i gCorn Uí Riada ach nár éirigh leo duais a fháil sna comórtais faoi 35.

Tá sé áitheanta ag lucht an tsean-nóis le fada go mbíonn an caighdeán sa chomórtas do Chorn Mháire Nic Dhonnchadha agus i gComórtas Chuimhneacháin Sheáin Óig Uí Thuama chomh hard is a bhíonn i gCorn Uí Riada. Tarlaíonn sé go mbíonn slua an-mhór ag cur isteach ar na comórtais seo faoi láthair mar nach bhfuil aon bhealach eile gur féidir leo cáiliú do na comórtais eile.

Ach, chomh maith leis na daoine seo, tá go leor de na daoine a bhfuil duaiseanna á mbaint acu sna comórtais mhóra ag cur isteach ar Chomórtais Chuimhneacháin Sheáin Óig Uí Thuama mar go bhfuil siad faoi 35 agus an ceart sin acu dar ndóigh.

I mbliana, mar shampla, bhuaigh Mairéad Ní Fhlatharta Corn Sheáin Óig agus fuair sí an dara áit sa chomórtas do Chorn Mháire Nic Dhonnchadha. D'éirigh léi an dara háit a bhaint amach i gCorn Uí Riada.

Tá cead ag Mairéad cur isteach ar Chomórtas Sheáin Óig go ceann roinnt mhaith blianta eile mar beidh sé píosa maith go mbeidh sí 25 gan

trácht ar 35. Tá seans gur fiú breathnú arís ar na rialacha a bhaineann le cáiliú do na comórtais mhóra agus fós féin cothrom na féinne a thabhairt dóibh siúd atá faoi 35 agus gur mhaith leo Corn Sheán Óig a bhuachaint, duais a bhfuil an-mheas uirthi.

TÁ AN-IARRACHT á dhéanamh ag an Oireachtas le feabhas a chur ar na cúrsaí seo agus is dócha go gcaithfidh muid a bheith foighdeach ar feadh cúpla bliain le go socróidh rudaí síos. Ar a laghad tá siad sásta triail a bhaint as córais éagsúla féachaint an bhfeabhsóidh rudaí.

Anuraidh bhí cruinniú mór acu i nGaillimh le tuairimí lucht an tsean-nóis a fháil maidir leis na comórtais. Is cosúil go bhfuil go leor de na

moltaí a cuireadh faoina mbráid á gcur i bhfeidhm acu, rud a léiríonn an mheas atá ag amhránaithe agus ag lucht an Oireachtais ar a chéile.

I mbliana, tosnaíodh ar chóras nua moltóireachta, agus arís, is fiú seans a thabhairt do chóras nua ar bith. Ar a laghad ar bith, faigheann chuile mholtóir an deis moltóireacht a dhéanamh leo féin agus ní féidir leis an duine is láidre a c(h)uid tuairimí a bhrú ar na moltóirí eile.

D'éirigh thar cionn le hOireachtas na bliana seo i dTrá Lí agus tá comhghairdeas tuillte ag chuile dhuine a raibh baint acu leis. Is féidir a rá go fírinneach nach mbeidh a leithéid arís ann: beidh an tOireachtas ina dhá chuid an bhliain seo chugainn.

Comhghairdeas freisin le buaiteoir Chorn Uí Riada, Nan Tom Taimín de Búrca, as Roisín na Manach ó dhúchas, cónaí uirthi anois sna Forbacha. Tá súil againn go leor amhrán a chloisteáil uathí i mbliana.

Curaidh an tsean-nóis 1998

BEIRT amhránaithe atá lonnaithe i gCois Fharraige a bhuaigh duaiseanna i gcomórtas Sean-nós na mBan ag an Oireachtas. Ba iad **Nan Tom Taimín de Búrca**, Na Forbacha, a bhuaigh Corn Phádraig Mac an Rí, bonn airgid agus £250; agus sa dara háit **Mairéad Ní Fhlatharta**, Baile an tSléibhe, An Spidéal, a fuair bonn cré-umha agus £150.

Sa chomórtas Sean-nós na bhFear ba é **Meatí Joe Shéamaís Ó Flatharta**, Na hAille, Indreabhán, a rug an chraobh leis. Fuair sé Corn Óstán na Ceathrún Rua, bonn airgid agus £250. Sa dara háit bhí **Antalna Ó Faracháin**, Cill Mhaighneann, Baile Átha Cliath, a fuair bonn cré-umha agus £150.

Muintir Chonamara a bhí chun tosaigh sa phríomhchomórtas amhránaíochta. Is í **Nan Tom Taimín** a bhain Corn Culmneacháin Sheáin Uí Riada, bonn óir agus £750. Chuaigh an dara duais, bonn airgid agus £300, chuig **Mairéad Ní Fhlatharta** as Baile an tSléibhe. Ba í **Caltriona Ó Ceannabháin**, Aird Thoir, Carna a tháinig sa tríú áit. Fuair sí bonn cré-umha agus £200.

Gradaim Cheoil TnaG

BHÍ INA PHLEÁRACA sa Town Hall i nGaillimh le déanaí mar ar bronnadh gradam TnaG 'Ceoltóir Traidisiúnta na Bliana' (£4,000 agus dealbh le John Coll) ar Tommy Peoples. Bronnadh gradam na hóige ar Jude McCormack an oíche chéanna.

Seachas an t-aitheantas dlite a thabhairt do cheoltóirí móra na linne, is bealach atá sa ngradam le poiblíocht a dhéanamh do TnaG, agus clár ceoil trí huair an chloig a sholáthar ar bheagán costais don Nollaig.

Léargas ar stair na féiniúlachta a bhí i mbronnadh na ngradam. "Níl gné dár bhféiniúlacht is mó a chuaigh i gcion ar an domhan ná an ceol Gaelach," arsa Cathal Goan ag labhairt dó i dtús na hoíche. "In the ashes of our broken dream we have lost sight of our goal," arsa Seán Tyrell, san amhrán *Dark Horse of the Wind*.


Chas Jude McCormack go binn. Tá seancheol Shligigh ina cuisle, agus anáil fliúiteadóirí na naochaidí uirthi freisin. Ní fhéadfadh gan tionchar Kevin Crawford a bheith uirthi oíche na ngradam: chuir sé go cúl an stáitse í le linn an *finale*.

Tionscal agus traidisiún, is ceist chasta í ceist an cheoil.

Ceol Gaelach, nó ceol rince na hÉireann: *Irish*, *trad*, *folk*, nó *Celtic*. An féidir gradam TnaG a bhronnadh ar amhránaí? Agus cé air a mbronnfar gradam 1999? Bean tionscail, fear traidisiúin, spailpin nó tadhcún?

SULT nó INSULT: an le Dónal Lunny gradam TnaG 1999?

Diarmuid Johnson



A CHOMHARSANAÍ NA GCARAD le hAntaine Ó Faracháin

'BÍONN DHÁ INSINT ar scéal agus dhá leagan déag ar amhrán' adeir an seanfhocal, agus is fíor é! Bhí cara liom ag caint liom faoin amhrán seo thíos agus í ag rá go raibh deacrachtaí aici a theacht ar na focail. Bhuel, tá leagan amháin de sa leabhar *Songs of the Irish* (Dónal Ó Súilleabháin, Mercier Press, ISBN 85342 653 8, 1981, L.66) agus dhá aistriúchán in éindí leis. Tá an ceol a ghabhann leis scríofa ina nodaireacht sa leabhar freisin. Ach chuaigh mé i dteangmháil le cara eile de mo chuid chun a leagan fíor-álainn siúd a fháil uaidh. 'Sé Pádraig Ó Cearbhaill atá i gceist agam, fear uasal, séimh, agus scoth fonnadóra a bhfuil tuiscint aige ar áilleacht na n-amhrán. Seo é leagan Phádraig.

An Binsín Luachra

Bhíos-sa maidin shamhraidh ag góilt síos trí
Chontae an Chláir,
Agus éanlaith coille ag labhairt liom ar an gcrann
is iad ag siúinseáil,
Sea do casadh liomsa an **ansacht** ba bhreátha is ba
dheise snua,
'Gus thugas searc is greann di, 'dtaobh m'amhrais
'sí bláth na n-úll.

Maidin aoibhinn uaibhreach ar bhrúach na coille
glaise breá,
Is mo ghadhar le m'ais ag gluaiseacht go huasal is
mo ghunna im' láimh,
'Sea do dhearcas chugamsa stuairín na gruaige
finne 's an bhrollaigh bháin,
Agus ábhar 'binse buainte aici den luachair ba
ghlaise fás.

'S do dh'fhéachas ar na cuanta agus bhí ann
uaigneas agam ar nóin,
Is do dhruideas suas lem' stuairín agus fuaireas
uaithi cúpla póg,
Ach 'sé dúirt sí liom go huaibhreach 'Fan
suanmhar is ná cuir orm stró,
'Gus ná scaip mo bhinse luachra t'r éis a
bhfuairéas dá thrioblóid'.

Is a chailín bhig na luachra, dá leagfása do bheart
ar lár,
Ar bhrúach na coille craobhai nó ag éisteacht le
fuaim na trá,

Mar na sagairt ní bhfaighidh scéal' air ná éinne
eile dá bhfuil san áit,
Nó go dtiocfaidh an chaint don chéirseach 's go
n-iompóidh an lon dubh bán.

Ó cailín deas ab fhearr liom a bheith ar láimh
liom thar a bhfacaiós riamh,
'Gus dá bpósfainn cailleadh ghránna mo
láinchreach ná mairfinn bliain,
Ach phósfainn thusa, a ghrá ghil, a chúil fáinneach
na dtíoplaí siar,
Is do bhainfinnse binse breá duit chomh hálainn is
a chonaic tú ariamh.

Is a chailín bhig na luachra glac suaimhneas agus
fan go réidh,
Mar ní cás duit a bheith chomh buartha in
uaigneas is tú leat féin,
Mar má scaip mé do chuid luachra nach dual go
bhfuil mórchuid tar a éis,
Agus bainfeadsa binse mór duit agus ualach mar
thuilleadh léi.

Is ba dheas an cailín seomra í um thráthnóna is a
buis 'na láimh,
Is cár dheise ná crú na mbó í 'sí smóilín í an
bhrollaigh bháin,
Do tharraingeodh samplaí coróinneach go róbhreá
ar éadach cláir,
'Sí searc mo chroí 's mo rún í 'sí mo stuairín í go
bhfaighidh mé bás.

Más mian leat ábhar a chur faoi bhráid Antaine nó ceist a chur air faoina bhfuil ráite, cuir ríomhphost chuige ag cuisle@tinet.ie nó seol nóta isteach chuige faoi chúram Cuisle, Casla, Co na Gaillimhe.



Casann Pádraig an t-amhrán seo ar dhlúth-dhiosca dar teideal 'Seachrán Sí' (Cló Iar-Chonnachta, CICD135) áit a luann sé beirt amhránaithe eile Pádraig de Faoite agus Bríd Ní Núnáin (Bean Uí Chionnfhaolaidh) a raibh leaganacha suntasacha acu agus iad ar taifead i Roinn Bhéaloideas Éireann.

Luann Dónal Ó Súilleabháin pointe spéisiúil faoin rím. Deir sé:

'The humble and unknown translators of such pieces knew Irish well, but their knowledge of English prosody was far to seek; and so, probably quite unconsciously, they imitated the assonance of their originals.'

Agus ansin tugann sé sampla den rud atá i gceist aige:

I said, 'My charming crayture,
Be pleasing to me and kind,
This moment is the *saison*
That engages my tender mind.
These rushes cost some *labour*,
'Tis *plain* that the like do grow;
Then grant me your kind *favour*,
Embrace me and *aise* my woe'.

Is trua, dar liom, go ndéanann daoine dearmad ar a leithéid seo, bíodh an t-amhrán i nGaeilge nó i mBéarla.



Guíonn Michael D. Higgins, T.D., Sabina agus a chlann Nollaig faoi shéan agus Athbhliain faoi mhaise ar chách

Oifig: Letteragh, An Cuair Bhóthair, Gaillimh
Teil: 091-524513 Facs: 091-528501
Ríomhphost: michaeldhigginstd@tinet.ie

Comhairle ar fáil in Óstán an Atlanta, Sráid Doiminic, Gaillimh, gach maidin Dé Sathairn, 10.30 a.m. - 12.00



Nollaig Shona agus Bliain Úr faoi mhaise ó Pat the Cope Gallagher M.E.P

AN PÁIRTÍ SÓISIALACH



Le deá-mhéin ó JOE HIGGINS T.D.

In Aghaidh:

- Géarchéim tithíochta
- Speiciléireacht talún
- Brabúsaíocht lucht tógála

Ag troid don Sóisialachas Daonlathach a thabharfaidh ceart agus cóir do gach duine daonna.

Bí linn sa bhfeachtas: Tel: 01-618 3038

**Guíonn Cuise
beannachtaí na Nollag
is na hathbhliana ar ár
léitheoirí uile**

I mBéal na Gaoithe


TÁ BRAON i mbéal na gaoithe!" Dá gcloisfeá sin i Washington D.C., ní tagairt don bhraon báistí a bheadh ann, ach don bhraon fola. Le tamall maith anuas, is í fuil Chlinton a bhí i gceist. Ach anois, is ar fhuil a dheargnamhad Newt Gingrich atá muid dírithe. Agus tá cothrom éicint sa mhéid san, mar is duine é Gingrich a bhí riamh ar thóir na fola.

Is é Gingrich príomhúdar an dul chun cinn atá déanta ag na Poblachtánaigh ó 1994. Léachtóir le stair ab ea é uair agus cumas anailíseach ann. Bhain sé úsáid as an gcumas san lena pháirtí a chur chun cinn. Agus an sprioc a bhí roimhe ná a pháirtí a bheith i réim sa Chomhthionól go ceann cúig bliain ar a laghad, is an Teach Bán ina nglaiic chomh maith. Ní mar a shíl sé atá sé anois. Céard a tharla?

Níos mó ná deich mbliana ó shin thosaigh Gingrich ar a fheachtas. Bhí easaontas ar na Poblachtánaigh is easpa muiníne. Bheartaigh Gingrich an scéal san a leigheas. Bhunaigh sé cúrsaí oiliúna le polaiteoirí óga a thabhairt chun tosaigh. Agus threisigh sé bailiúchán airgid dosna toghcháin a bhí le teacht.

Ón mbunús sin, chuaigh Gingrich i mbun oibre i gceart, agus i measc a chuid chuspóirí, bheartaigh sé muinín an phobail as na Daonlathaigh a bhriseadh. Um an dtaca san, bhí na Daonlathaigh i réim i dTeach na nIonadaithe le tuairim is triocha bliain.

In 1988, thug Gingrich faoin Daonlathach Jim Wright, fear a toghadh ina *Speaker* i ndiaidh Tipp O'Neill. (Ní hionann an Ceann Comhairle agus an Labharthóir mar go bhfuil an-chumhacht aige. Mar



shampla, muna bhfuil an Labharthóir toilteanach, is ridheacair bille nó tairscint ar bith a chur faoi bhráid an Tí.)

TÁ A FHIOS ag madraí na sráide nach bhfuil an uile pholaiteoir ina naomh. Is bhí leisce is tarcaisne na mblianta ar go leor Ionadaithe, idir Dhaonlathaigh agus Phoblachtánaigh. Fuarthas locht ar Wright, mar shampla. Thuill sé tuairim is \$58,000 ar leabhar a scríobh sé, rud is mó ná an méid a cheadaíonn an Teach. D'fhág sé an Teach faoi náire.

Lean Gingrich ar aghaidh le tuilleadh feachtais, scannal i ndiaidh scannail. Fiosraíodh a lán Daonlathaigh. Rugadh ar roinnt díobh, agus gabhadh roinnt Poblachtánach sa líon freisin, ach dob fhiú an íobairt.

Tháinig smál ar naomhluan na nDaonlathach. Ar ndóigh, thug Gingrich faoi Chlinton freisin, fiú sarar toghadh ina uachtarán é. Is

anois bhí comhghuaillithe Gingrich oilte go leor ar an gcluiche seo. Agus ó shin, tá siad ag tabhairt faoi Chlinton gan sos, sna meáin, ar an líon, is sa chomhthionól. Ba chuma le cuid de naimhde Chlinton cad dúirt siad, chomh fada is a bhíodar ag caitheamh clábair le ballaí an Tí Bháin.

Ach ní ar a leithéid de thaicticí amháin a bhí Gingrich ag brath.

Thaispeáin sé go héifeachtach, agus móramh ag na Daonlathaigh sa Teach fós, go raibh an oiread san easaontas ina measc nach raibh ar a gcumas bille tábhachtach an Uachtaráin Dhaonlathaigh a achtú gan chabhair ósna Poblachtánaigh.

Mar sin, trína pháirtí a mhúscailt is a aontú, is trí ísliú céime a thabhairt dosna Daonlathaigh arís is arís eile, bhí Gingrich mar phríomhúdar ar an mbua iontach a bhí ag na Poblachtánaigh i 1994, tuairim is 50 suíochán breise sa Teach as 435, is go leor sa Seanad ionas go raibh móramh ansin acu freisin. Bhí an réabhlóid tagaithe.



Ach dá thoradh seo, bhí Gingrich sa rialtas is ní san fhreasúra. Níor oir san dó. Duine borb, mídhaoonna, sin í an cháil a tharraing sé air féin. Ina theannta san, go luath tar éis an toghcháin, ghlac sé le i bhfad níos mó airgid ná mar a ghlac Jim Wright leis, \$4.5 milliún, le leabhar a scríobh. Gearradh fíneáil mhór ar Ghingrich, is bhí air diúltú dosna milliúin san. Ansan, cuireadh fiosrú air de bharr a scéimeanna oiliúna is bailiúchán airgid. Ach sheas sé an fód.

FAOI SHAMHAIN 1995, d'éirigh coimhlint idir Gingrich is Clinton faoin cháinainéis. Dá thoradh seo, dúnadh an chuid is mó den Státseirbhís Fiodarálach. Ní raibh na seiceanna pinsin ag dul chuig na mílte seanóirí. Bhí iarsmalanna is leabharlanna fiodarálacha dúnta, agus dá bharr seo, cuireadh as do a lán cláranna scoile. Cuireadh an milleán ar Ghingrich, is d'admhaigh sé go ndearna sé amhlaidh is fearg air faoin suíochán a fuair sé ar eitleán an Uachtaráin is iad ag dul ar shochraid in Iosrael.

Bhí smál ar naomhluan Gingrich um an dtaca seo.

Laghdaigh sé ar a ráitisí poiblí. Ón gcúlra, áfach, lean sé le stiúru an fheachtais i gcoinne Clinton. Ach is sárpholaiteoir é Clinton. Feictear anois go raibh sé i mbun ghnóthaí na tíre d'ainneoin na n-ionsuithe uilig. Ní hé sin le rá go bhfuil Clinton gan locht. Níl ar chor ar bith. Ach d'éirigh cuid mhór den phobal bréan den fheachtas ina aghaidh. Ní hamháin toisc nach raibh aird ag na Poblachtánaigh ar ghnó na tíre, ach toisc go raibh a bhfeachtas chomh claonta is pearsanta. Dá mbeadh an chuma ar na Poblachtánaigh go rabhadar ag iniúchadh Clinton is iad mar mhaoir iontaofa, cúramacha na Poblachta, bheadh malaírt scéil acu inniu. Ach mar chonairt a facthas iad, gach liú fiaigh ag lucht tacaíochta Gingrich, na madraí ag tafann is iad ar tí an sionnach a stracadh as a chéile.

Roimh an toghchán deiridh, dúirt Gingrich go mbaufadh na Poblachtánaigh daichead suíochán breise sa Teach is dosaen sa Seanad. Sa tsli

san, d'fhéadfadh seanadóirí Poblachtánacha *filibuster* a sháru, agus d'fhéadfadh Poblachtánaigh san dá sheomra veto an Uachtaráin a sháru. Is bheadh cead a gcinn acu leanacht ar aghaidh le táinseamh Clinton is le scrios na nDaonlathach. Bhí na staitisticí ar thaobh Ghingrich. Ar an meán, i dtoghchán mar seo, is é sin sa séú bliain de réimeas an uachtaráin, buann an páirtí nach raibh an Teach Bán acu 24 suíochán breise sa Teach. Ach an dreas seo, chaill na Poblachtánaigh 5 suíocháin sa Teach. D'fhan an coibhneas mar a bhí sa Seanad, ach gur chaill cúpla deargnamhaid de chuid Chlinton a suíocháin. Is dá bharr sin, is mar gheall ar an treorú mantach a rinne Gingrich le bliain anuas,

chiontú. Ach beidh coimhlint idir dhá eite an pháirtí, na coimeádaigh sóisialacha a bhfuil uatha a sróin a sháisteach ins gach scoil agus seomra codlata sa tír, agus na coimeádaigh eacnamaíochta nach n-aontaíonn lena leithéidí de pholasaithe ar chor ar bith. Beidh braon i mbéal na gaoithe arís.

Is é Desmond Johnson an Stiúrthóir Deontaisí sa Bronx-Lebanon Hospital, Nua Eabhrac. Ba léachtóir le

díbríodh é.

Leanfar le táin-seamh Clinton, ach gan Gingrich mar stiúrthóir. S a Chomhthionól nua a thiocfaidh le chéile i mí Eanáir, áfach, ní bheidh go leor vótaí ag na Poblachtánaigh le Clinton a

Newt Gingrich



Nollaig Shona, a Sclábhaí

UINSIONN MAC DUBHGHAILL

AN MHÍ SEO caithfear suas le £60 milliún in Éirinn ar bhréagáin na Nollag. Sa bhreis air sin, caithfear na céadta milliún eile ar chluichí ríomhaireachta, éadaí galánta agus ar bhronntanais den uile chineál.

Beidh na siopadóirí sásta. Agus lucht díolta na bhfógraí in RTÉ. Gheobhaidh an craoltóir náisiúnta 'seirbhís phoiblí' os cionn £1 milliún as páistí na tíre - agus a dtuismitheoirí - a bhodhrú le fógraí mealltacha.

Cuid mhór de na hearraí a cheannóidh muintir na hÉireann le linn féile mhór an ábharachais, is earraí iad a bhfuil rian na fola is an allais orthu. Ach ní chloisfidh tú mórán faoi sin ar RTÉ, ar chúis éigin.

Beidh corralt anseo is ansiúd sna nuachtáin faoi 'scannal na sclábhaíthe óga'; faoin 250 milliún páiste - sea, 250 milliún - atá ag obair ar fud na cruinne faoin gcruatan agus faoin gcois ar bolg.

Ach caillfear na haltanna seo faoi ualach na leathanach siopadóireachta, faoi *best buys* na saineolaithe. Rogha gach bídh agus togha gach dí, sin é an mana, agus bíodh an fheamainn ag an gcuid eile.

Nach cuma! Faoin am a thiocfas mí Eanáir beidh dearmad déanta ar an méid airgid a cuireadh amú, agus beidh dearmad déanta ar chás na sclábhaíthe óga chomh maith.

Mar i ndáiríre is bunsraith iad den eacnamaíocht dhomhanda, cé nach maith leis an World Bank an cineál sin cainte a chloisteáil. Dá gcuirfí stop leis an sclábhaíocht amárach, thitfeadh an tóin as an saol i gcuid mhór de na tíortha neamhfhorbartha.

Ní bheadh siad in ann a gcuid fiacha le bancanna saibhir an Iarthair a ghlanadh. Ansin bheadh géarchéim dhomhanda ann. Rachadh do mhorgáiste in airde.

Ná bí buartha. Beag an baol go ndéanfar mórán an Nollaig seo ná an Nollaig seo chugainn chun teacht i gcabhair ar dhaoine atá ró-óg le troid ar son a gcearta féin.



COS AR BOLG DOMHANDA . . . ón mbarr, ar chlár: gíolla óga, an tSeineagáil; díoltóir sráide agus a leanbh. Bog


Sclábha

UINSIONN MAC DUBHGHAILL

TÁ SCLÁBHAÍOCHT na bpáistí préamhaithe i mórán tíortha ar fud an domhain, agus earraí den uile chineál á ndéanamh acu. Baineann tionscal an t-haisin buntáiste acu san Ind. áit a mbíonn cáilíní agus buachaillí an-óg ag déanamh leathair bhoig a mbíonn an stampa *Made in Italy* orthu.

B'fhéidir go bhfuil tú ag caitheamh péire bróga galánta atá déanta as an leathar seo, i ngan fhios duit féin.

Oilbrí tionscalaithe san Ára





pic: ILO

glanta na mbróg, La Paz, an Bholáiv; díoltóir seasmáine sa Túinéis; Sonia ag fúail liathróidí san Ind; oibríthe ta, an Cholóim; ceoltóir óg sráide, Vársá, an Pholainn; ceardlann fíodóireachta san Iordáin.

íocht na bPáistí

De réir teagmhálaí de chuid Trócaire i ndeisceart na hInde, an Dr Mutho, tá os cionn 20,000 páiste ag obair sna monachana súdaireachta (*tanneries*) sa réigiún.

"Cuirtear iachall ar pháistí, nach bhfuil ach ocht mbliana slánaithe acu, obair leo i dtancanna contúirteacha ceimicí ar £1.50 sa tseachtain," a deir sé.

"Cuirtear 90 faoin gcéad den leathar a déantar i dTamil Nadu chuig an Eoraip, áit a mbaintear feidhm as le brógaí, málaí agus carraí eile a dhéanamh. An chuid is mó den am ní bhíonn a fhios ag daoine go dtagann an leathar seo ón Ind."

San Ind chomh maith bíonn leithéide Sonia ag fúail liathróidí peile ó chubh go dubh. Tá Sonia dall ach oibríonn sí uaireanta fada toisc go bhfuil a máthair tinn agus nach bhfuil aon obair rialta ann dá hathair.

Tá síníú Eric Cantona agus lógó Manchester United ar na liathróidí a dhéanann sí. Breatnaíonn siad an-chosúil leis na liathróidí a bheas ar díol i siopa Man United an Nollaig seo. £9.99 an praghas a bhíonn orthu sin. 12p a fhaigheann Sonia as chuile liathróid a dhéanann sí.

Sa Túinéis agus san Éigipt bíonn cailíní óga ag piocadh seasmáine (*jasmine*) a théann chuig tithe

cumbrán na hEorpa. San Afraic Theas, sa Chambóid agus i mBolaiv bíonn mianadóirí óga ag obair go tréan ar thóir an diamaint, an óir agus an ghuail.

Níl deireadh leis an liosta: páistí a bháitear agus iad ag tumadh le haghaidh an phéarla bháin, buachaillí a dhioltar mar mharcaigh camail, lucht déanta brící . . .

Is i réimse na talmhaíochta agus san obair phríobháideach ar leic an teallaigh is mó a bhíonn an mhí-úsáid seo ar siúl. Faoi mar a bhíodh coitianta in Éirinn san aois seo féin, fulaingíonn na milliúin cailíní aimsire ciapadh gnéis, drochbide béil agus pá íseal go foighdeach nó go feargach: níl an dara rogha acu.

Gan trácht ar na milliúin eile a dhéanann freastal ar na 'turasóirí gnéis' ó na tíortha saibhre.

Déantar formhór mór na mbréagán sa tSín, sa Téalainn, i Malaeisia, sna Filipíní, sa Bhrasail, Meicsico, i Macao agus an Indinéis. Ní mór a rá nach iad na páistí amháin a bhíonn ag obair sa tionscal seo: baintear úsáid as mná óga go forleathan chomh maith.

Aonach na nGasúr

DE GHNATH bíonn lucht fógraíochta beagáinín cúlthail agus iad ag caint faoi *hard sell* a dheanamh le páistí. Le deireannas, áfach, chuaigh dream amháin ar bhair clai leis an scéal.

D'eagraigh Learning in Business Ltd. comhlacht a fhoilsíonn an iris *World Toy News*.

comhdháil mhór i Londain mí Mheán Fómhair faoin gceannnteideal "Marketing to Kids – communicating effectively with the under 10s".

Rinne siad cur síos ar an gcomhdháil leis na focail seo: "The development and evolution of the under-10s market continues to flourish. This market cannot be ignored, with kids' spending power on the increase and their greater influence on the purchases of their parents."

"With several new and exciting marketing mediums available to reach the under 10's, it is imperative to get it right the first time. To attract this market companies must begin to invest more and more in sophisticated advertising and innovative marketing techniques. After all, what motivates a child to pick up your product in the first place?"

Ar na comhlachtaí a ghlac páirt sa chomhdháil bhí Saatchi & Saatchi Kid Connection, Mattel UK, Cartoon Network agus Educational Communications.

Thug léachtóir sa tsiceolaíocht in Ollscoil Exeter, Brian Young, léacht faoin geor a dtuigeann páistí íomhánna margaíochta. "Peer pressure and having the right stuff," a tugadh ar chuid amháin den léacht.

Phléigh cainteoirí eile a leithéid seo: "Targeting your marketing campaign to children"; "The future of kids promotions – interactive 'in your face' entertainment"; agus "Analysing the impact characters have on the young consumer".

Labhair Nick Fuller ó Educational Communications faoi na hathruithe a tharla sa "educational marketing" le cuig bliana anuas. Bhí léacht eile ann faoin mbealach is fearr le tairbhe a bhaint as suíomhanna do pháistí ar an idirlíon.

Tháinig Nicky Parkinson ó Cartoon Network le soiscéal nua. "Examining how cartoons fit into kids lives and their benefit to the marketing mix" – sin an teideal a bhí ar chaint Nicky. Tar éis anailís a dhéanamh ar an "gcaidreamh" idir na cartúin agus a lucht féachana, lean sí uirthi le plé ar "utilising this relationship to promote your products to kids".

MARKETING TO KIDS

COMMUNICATING EFFECTIVELY WITH THE UNDER 10'S

25th & 26th September 1996
Singapore's-In-the-Strand, London

- Choosing a media that reflects your chosen target audience
- Understanding how children at different ages understand marketing communications
- Learn how powerful packaging & design can be effective in catching the children's eye
- Marketing opportunities for selling to children online
- Analysing the impact characters have on the young

WORLD TOY NEWS

The Toy Store, 100, 101 & 102, 103, 104, 105, 106, 107, 108, 109, 110, 111, 112, 113, 114, 115, 116, 117, 118, 119, 120, 121, 122, 123, 124, 125, 126, 127, 128, 129, 130, 131, 132, 133, 134, 135, 136, 137, 138, 139, 140, 141, 142, 143, 144, 145, 146, 147, 148, 149, 150, 151, 152, 153, 154, 155, 156, 157, 158, 159, 160, 161, 162, 163, 164, 165, 166, 167, 168, 169, 170, 171, 172, 173, 174, 175, 176, 177, 178, 179, 180, 181, 182, 183, 184, 185, 186, 187, 188, 189, 190, 191, 192, 193, 194, 195, 196, 197, 198, 199, 200, 201, 202, 203, 204, 205, 206, 207, 208, 209, 210, 211, 212, 213, 214, 215, 216, 217, 218, 219, 220, 221, 222, 223, 224, 225, 226, 227, 228, 229, 230, 231, 232, 233, 234, 235, 236, 237, 238, 239, 240, 241, 242, 243, 244, 245, 246, 247, 248, 249, 250, 251, 252, 253, 254, 255, 256, 257, 258, 259, 260, 261, 262, 263, 264, 265, 266, 267, 268, 269, 270, 271, 272, 273, 274, 275, 276, 277, 278, 279, 280, 281, 282, 283, 284, 285, 286, 287, 288, 289, 290, 291, 292, 293, 294, 295, 296, 297, 298, 299, 300, 301, 302, 303, 304, 305, 306, 307, 308, 309, 310, 311, 312, 313, 314, 315, 316, 317, 318, 319, 320, 321, 322, 323, 324, 325, 326, 327, 328, 329, 330, 331, 332, 333, 334, 335, 336, 337, 338, 339, 340, 341, 342, 343, 344, 345, 346, 347, 348, 349, 350, 351, 352, 353, 354, 355, 356, 357, 358, 359, 360, 361, 362, 363, 364, 365, 366, 367, 368, 369, 370, 371, 372, 373, 374, 375, 376, 377, 378, 379, 380, 381, 382, 383, 384, 385, 386, 387, 388, 389, 390, 391, 392, 393, 394, 395, 396, 397, 398, 399, 400, 401, 402, 403, 404, 405, 406, 407, 408, 409, 410, 411, 412, 413, 414, 415, 416, 417, 418, 419, 420, 421, 422, 423, 424, 425, 426, 427, 428, 429, 430, 431, 432, 433, 434, 435, 436, 437, 438, 439, 440, 441, 442, 443, 444, 445, 446, 447, 448, 449, 450, 451, 452, 453, 454, 455, 456, 457, 458, 459, 460, 461, 462, 463, 464, 465, 466, 467, 468, 469, 470, 471, 472, 473, 474, 475, 476, 477, 478, 479, 480, 481, 482, 483, 484, 485, 486, 487, 488, 489, 490, 491, 492, 493, 494, 495, 496, 497, 498, 499, 500, 501, 502, 503, 504, 505, 506, 507, 508, 509, 510, 511, 512, 513, 514, 515, 516, 517, 518, 519, 520, 521, 522, 523, 524, 525, 526, 527, 528, 529, 530, 531, 532, 533, 534, 535, 536, 537, 538, 539, 540, 541, 542, 543, 544, 545, 546, 547, 548, 549, 550, 551, 552, 553, 554, 555, 556, 557, 558, 559, 560, 561, 562, 563, 564, 565, 566, 567, 568, 569, 570, 571, 572, 573, 574, 575, 576, 577, 578, 579, 580, 581, 582, 583, 584, 585, 586, 587, 588, 589, 590, 591, 592, 593, 594, 595, 596, 597, 598, 599, 600, 601, 602, 603, 604, 605, 606, 607, 608, 609, 610, 611, 612, 613, 614, 615, 616, 617, 618, 619, 620, 621, 622, 623, 624, 625, 626, 627, 628, 629, 630, 631, 632, 633, 634, 635, 636, 637, 638, 639, 640, 641, 642, 643, 644, 645, 646, 647, 648, 649, 650, 651, 652, 653, 654, 655, 656, 657, 658, 659, 660, 661, 662, 663, 664, 665, 666, 667, 668, 669, 670, 671, 672, 673, 674, 675, 676, 677, 678, 679, 680, 681, 682, 683, 684, 685, 686, 687, 688, 689, 690, 691, 692, 693, 694, 695, 696, 697, 698, 699, 700, 701, 702, 703, 704, 705, 706, 707, 708, 709, 710, 711, 712, 713, 714, 715, 716, 717, 718, 719, 720, 721, 722, 723, 724, 725, 726, 727, 728, 729, 730, 731, 732, 733, 734, 735, 736, 737, 738, 739, 740, 741, 742, 743, 744, 745, 746, 747, 748, 749, 750, 751, 752, 753, 754, 755, 756, 757, 758, 759, 760, 761, 762, 763, 764, 765, 766, 767, 768, 769, 770, 771, 772, 773, 774, 775, 776, 777, 778, 779, 780, 781, 782, 783, 784, 785, 786, 787, 788, 789, 790, 791, 792, 793, 794, 795, 796, 797, 798, 799, 800, 801, 802, 803, 804, 805, 806, 807, 808, 809, 810, 811, 812, 813, 814, 815, 816, 817, 818, 819, 820, 821, 822, 823, 824, 825, 826, 827, 828, 829, 830, 831, 832, 833, 834, 835, 836, 837, 838, 839, 840, 841, 842, 843, 844, 845, 846, 847, 848, 849, 850, 851, 852, 853, 854, 855, 856, 857, 858, 859, 860, 861, 862, 863, 864, 865, 866, 867, 868, 869, 870, 871, 872, 873, 874, 875, 876, 877, 878, 879, 880, 881, 882, 883, 884, 885, 886, 887, 888, 889, 890, 891, 892, 893, 894, 895, 896, 897, 898, 899, 900, 901, 902, 903, 904, 905, 906, 907, 908, 909, 910, 911, 912, 913, 914, 915, 916, 917, 918, 919, 920, 921, 922, 923, 924, 925, 926, 927, 928, 929, 930, 931, 932, 933, 934, 935, 936, 937, 938, 939, 940, 941, 942, 943, 944, 945, 946, 947, 948, 949, 950, 951, 952, 953, 954, 955, 956, 957, 958, 959, 960, 961, 962, 963, 964, 965, 966, 967, 968, 969, 970, 971, 972, 973, 974, 975, 976, 977, 978, 979, 980, 981, 982, 983, 984, 985, 986, 987, 988, 989, 990, 991, 992, 993, 994, 995, 996, 997, 998, 999, 1000

This year Germany celebrated the Deutschmark's 50th birthday, and one of

Slán leis an

1. CHOMH FADA is a bhaineann le go leor in Éirinn, is i 1973 a thosaigh stair na hEorpa. Chuaigh Éire isteach sa Chomhphobal Eorpach an bhliain sin. Chuaigh an Comhphobal chun tairbhe na bhfeirmeoireachta abhus, agus ansin cuireadh forbairt ar bhóithre na tíre.

2. Ach is é scéal an deutschmark an chuid is tábhachtaí de scéal na hEorpa ó bhí an cogadh ann. 1948, 1989, 1998: sin iad na blianta móra i stair an DM, agus dá réir sin go deimhin i stair na hEorpa. Bunú an DM, athaontú na Gearmáine, agus teacht an Euro, sin iad na rudaí a tharla sna blianta sin. Chuir gach ceann díobh craiceann nua ar shaol na linne.

3. Is tír bhrúite, bhriste a bhí sa nGearmáin i 1945, agus is é an DM, plean de chuid Mheiriceá, a chuir tús leis an mbiseach. Míníodh an plean, agus na daoine a bhí ar an eolas, coinníodh in aerfort Rothwesten iad ar feadh 49 lá ar fhaitíos go sceithfí an scéal. Ansin, ar an 20 Meitheamh 1948, bronnadh 40DM an duine ar mhuintir na Gearmáine. Bhí 20DM eile an duine ann tar éis míosa.

4. Níor ghéill Moscó do phlean Mheiriceá. Chuir an Rúis an Ostmark ar bun in Oirthear na Gearmáine láithreach, agus cuireadh síolta an aighnis.

5. Ag an am, is é Hjalmar Schacht a bhí ina uachtarán ar an Reichsbank. Dúirt seisean go dtitfeadh an tóin as an DM nua sula mbeadh sé seachtainí istigh. 'Céard is fiú an t-airgead nua, ar sé, nuair nach bhfuil a luach i dtaisce ag an rialtas sna cófraí óir?'

6. Faightís roimh an gcliseadh a bhí air. Mar roimh aimsir an DM, thit an tóin faoi dhó as

airgead na Gearmáine, agus bhí cuimhne mhaith ag na daoine ar an drochshaol. Tar éis an chéad chogadh domhanda, d'imigh an boillsciú ó smacht: leathbhilliún mark a bhí ar chaca aráin an lá ba laige an t-airgead. Ansin, le linn Hitler, priondáladh an t-uafás airgid, agus phriondail na Rúisigh tuilleadh fós nuair a gabhadh an Ghearmáin i 1945. D'fhág sin fuíollach airgid áit a raibh easpa earraí.

7. I 1946, níorbh fhiú deich an truif airgead na Gearmáine. Ba luachmhaire i bhfad na toitíní ná é. Bhí siad sin gann, suas le 6 mark an ceann. Thabharfadh duine an phingin ab airde ar thoitín, faoi mar a thabharfadh an tÉireannach a chuid airgid ar leathphunt tae. Faoi dheireadh, nuair a tháinig an DM, thit praghas na dtoitíní. Dúradh i News Chronicle Shasana: "This week saw the destruction of the most stable currency in Europe, the cigarette."

8. Idir an cogadh agus teacht an DM, bhí córas dearbhán i bhfeidhm sa nGearmáin, mórán mar a bhí sa mBreatain, mar shampla, le linn an chogaidh. Bheartaigh Ludwig Erhard deireadh tobann a chur le córas na ndearbhán nuair a dáileadh an t-airgead nua ar an bpobal. Is stiúrthóir eacnamaíochta a bhí in Erhard, agus níorbh fhiú tada an DM nua, dar leis, muna bhféadfadh sé an tairgeadh earraí a stiúrú. D'áitigh a chuid comhairleoirí air cloí leis na dearbháin, ach chaith sé i dtraipisí iad. An té nach raibh airgead anois aige, ní raibh tada aige.

9. Tháinig an DM i dtreis, ach ní gan dua é. Bhí boillsciú 14% ann an chéad cheithre mhí. I 1948, b'éigean díluacháil a dhéanamh ar an DM in aghaidh an dollar. Ach mhéadaigh ar an naimhdeas idir



its last: the Euro is on the way, bringing with it the end of postwar Europe.

Deutschmark



Meiriceá agus an Rúis. Ní raibh an Ghearmáin gafa le cúrsaí arm agus slándála, agus bhain sí buntáiste as cogadh an Chóiré, i measc rudaí eile. Is tír gan chumhacht a bhí inti ó thaobh na polaitíochta, ach bhí borradh breá faoina cuid tráchtála. Faoi 1956 agus '57, bhí saibhreas mór i gciste an stáit, agus an-chuid óir ar fad. Briseadh ar an nGearmáin sa gcogadh, ach rinne sí aiséirí gan choinne, agus chuir sí iontas ar an domhan mór. "Ní chreideann na Gearmáinigh ar fad i nDia," arsa Jacques Delors uair, "ach creideann siad sa mBundestbank."

10. Le linn na fichiú aoise, is í an chorraíl i gcríocha na Gearmáine an rud is mó a d'imir tionchar ar shaol na hEorpa trí chéile. Athmhuintearas i ndiaidh 45 bliain a bhí in athaontú na Gearmáine i 1989. Leagadh balla Bheirlín, agus leath luach an DM soir. Deich n-ostmark in aghaidh an DM an ráta malarta a bhí ann nuair a tháinig muintir Bheirlín le chéile. Bhí an lá leis an DM arís.

11. Tiocfaidh lá an Euro go gairid, agus beidh deireadh nach mór le hoidhreacht an chogaidh mhóir.

Leagfar ballaí, agus beidh éiginnteacht ann. Ach má bhíonn an banc láidir, seans go mbeidh cosúlacht idir forbairt an dá airgead, DM agus Euro, sean agus nua.

- 1 **tairbhe** - leas; **abhus** - anseo.
- 2 **dá réir sin** - accordingly; **athaontú** - reunification; **chuir craiceann nua ar** - lent a new aspect to.
- 3 **biseach** - revitalisation; **go sceithfí an scéal** - that word would get out.
- 4 **siolta an aighnis** - siolta an achrainn
- 5 **i dtaisce** - in store
- 6 **cliseadh** - failure, breakdown; **drochshaol** - cruatan; **boilsciú** - inflation; **an lá ba laige an t-airgead** - when the money was weakest; **fuiollach** - surplus.
- 7 **deich an truíf** - ten of spades; **luachmhar** - valuable.
- 8 **córas dearbhán** - a voucher system; **dáileadh** - distributed; **stiúrthóir eacnamaíochta** - a director of economy; **tairgeadh earraí** - production of goods; **d'áitigh** - implored; **i dtraipisí** - did away with.
- 9 **dua** - stró; **díluacháil** - devaluation; **naimhdeas** - animosity; **cúrsaí slándála** - (matters of) security; **borradh faoi** - was taking off; **tráchtáil** - commerce, trade; **aiséirí** - resurrection.
- 10 **corraíl** - strífe; **críocha** - tír; **athmhuintearas** - reconciliation; **ráta malarta** - exchange rate.
- 11 **oidhreacht** - fall-out; **éiginnteacht** - easpa cinnteachta; **forbairt** - development.



Leagan Cainte



Scríobh mé chuig an Aire

Mo Mhuintir agus Mo Chlann

CHLOISFEÁ DAOINE ag caint ar ‘mo chlann’ nuair is **mo mhuinir** (*my family*) a bhíos i gceist acu. Ciallaíonn *mo chlann* mo chlann iníon nó mo chlann mhac.

Roimh an Nollaig agus Tar éis na Nollaig

CHLOISFEÁ freisin ‘roimh na Nollag’ agus ‘roimh na Cásca’ in áit **roimh an Nollaig** nó **roimh an gCáisc/an Cháisc**. Is leis na féilte amháin a chloisfeá é de ghnáth, agus is cosúil gur aithris atá ann ar **tar éis na Nollag** agus **tar éis na Cásca**. Tagann an tuiséal ginideach i ndiaidh ‘tar éis’ ach ní i ndiaidh ‘roimh’. (Deirtear **roimis an Nollaig** agus **roimis an gCáisc** i gCorca Dhuibhne agus is féidir ‘an’ a fhágáil as agus **roimh Nollaig** agus **roimh Cháisc** a rá.)

Chabhródh sé le duine smaoineamh go leanann an tuiseal ginideach na réamhfhocail chomhshuite (*compound prepositions*) a mbíonn dhá fhocal iontu: **in aice**, **os cionn**, **le hais**, **ar aghaidh**, **i gcomhair**, **i gcoinne**, **de bharr** srl. Ach leanann an tuiseal ginideach na réamhfhocail **chun** agus **trasna** freisin: **chun na farraige**, **trasna an bhóthair**.

Scríobh mé chuig an Aire ar an Ochtú Lá Déag

DEARMAD eile a chloisféa go minic: ‘chuig an tAire’; leis an tUachtarán’: ‘ar an t-aonú lá déag’; ‘don t-aos óg’. Tá **an tAire, an tUachtarán, an t-aonú lá déag, an t-aos óg** ceart, ach imíonn an *t* nuair a thagann réamhfhocal simplí roimhe. Mar sin, **ag an Aire, leis**

an Uachtarán, ar an aonú lá déag, don aos óg.

Triúr Cailíní agus Ceathrar Buachaillí

CHLOISFEÁ ‘triúr buachaill’ agus ‘ceathrar cailín’, aithris ar **triúr fear** agus **ceathrar mac**. Ach is é an tuiséal ginideach iolra is coitianta i ndiaidh na n-uimhreacha pearsanta (beirt, triúr, ceathrar, cúigear, seisear, seachtar, ochtar, naonúr, deichniúr, dháréag) sna ceantair Ghaeltachta, agus sin é atá molta i bhfoclóir Uí Dhónaill.

Bíonn séimhiú (h) i ndiaidh ‘beirt’, mar is focal baininscneach é: **beirt fhear**, **beirt mhac** srl. Má théann tú chuig an tuiséal ginideach iolra de ‘fear’ agus ‘mac’ (lár na bhfear, lár na mac), feicfidh tú gur ionann é agus an tuiséal ainmneach uatha.

Má chloíonn tú leis an ngingnideach iolra i ndiaidh na n-uimhreacha pearsanta, gheobhaidh tú beirt fhear (triúr, ceathrar srl fear); beirt chuaipteoirí (triúr, ceathrar srl cuaipteoirí); beirt dhochtúirí (seisear, seachtar, ochtar, naonúr, deichniúr, dhá réag dochtúirí).

Bheifeá ag súil dá réir sin gur 'beirt iníonacha' a bheadh coitianta sa nGaeltacht, ach féach gur 'beirt iníon', 'beirt d(h)earthár' agus 'beirt d(h)eirfiúr' is minicí a deirtear. Rian é sin de dhá

chóras ag dul i bhfeidhm ar a chéile i stair na teanga. Seachas sin, sílim, is é an ginideach iolra is minicí a chloisfeá: **beirt chainteoirí, triúr ceoltóirí, ceathrar scríbhneoirí srl.**

Bíonn an clár Leagan Cainte le cloisteáil ar Raidió na Gaeltachta ar an Aoine ar 3.30 p.m. agus bíonn athchraoladh de le cloisteáil an Domhnach dar gcionn ar a 10.



SCIORRADH PINN

Gach mí, foilseoidh Cuisle sliocht próis le scríbhneoir cumasach. Más beag leabhar Gaeilge a léann tú, tá súil againn saothair mhaith a chur ar do shúile duit. Más mór do dhúil i léamh na Gaeilge, ach gan fios agat cén taobh a gcaisfáidh tú, tá súil againn gur treoir duit a bheas i rogha Cuisle. Seo é an tríú sliocht.

AN NOLLAIG THÍAR le Breandán Ó hEithir
Poolbeg 1989

An Nollaig Thiar



BA DE BHARR a bheith ag léamh páipéirí a fuaireas amach nach raibh Deaide na Nollag ann. Bhíos thar a bheith fiosrach chomh fada siar agus a théann mo chuimhne. Rud ar bith nach raibh faoi ghlas agus an eochair faoi choinneáil, ní raibh sé saor ó m'fhiosracht.

De bharr nach raibh aon ghasúr de m'aois féin i mo ghaobhar, bhínn ar mo chomhairle féin. Bhí rudaí seachas mise agus mo shíorcheistiúchán ar aire na gcailíní agus ba mhinic a dhíbrídís amach as a mbealach mé.

Ba le linn dom a bheith ag cartadh amuigh i stór a bhí in aice an tí a tháinig mé ar bheartán suimiúil, tamall gearr roimh an Nollaig. Bhí sé suimiúil mar gur léir dom go raibh sé curtha i bhfolach go cúramach. D'oscail mise chomh cúramach céanna é agus céard a bheadh ann ach cuid de na rudaí a bhí iarrtha agam ar Dheaide na Nollag.

Sa bhfógra mór lán-leathanaigh a bhíodh ag siopa Clery's i Scéala Éireann an uair úd, a chonaic mé na bréagáin. Thuig mé gach uile rud d'aon iarraidh amháin. Dhún an beartán go cúramach. Chuir i bhfolach in athuair é agus choinnigh mo rún agam féin go ceann trí bliana.

Ar shlí éigin thuigeas gurbh é mo leas an t-eolas tábhachtach seo a choinneáil agam féin. B'fhéidir go gcoinneoinn mar sin ar feadh achair ab fhaide é murach an fonn a thagadh orm mo shinsearachta a chur ar a súile do mo dheirfiúr Máirín.

soitheach: *container*

fiosracht: *curiosity*

i mo ghaobhar: *timpeall orm*

ar mo chomhairle

féin: *my own boss*

síorcheistiúchán:

constant queries

dhíbrídís mé: *they*

used to chase me out


cartadh: *rooting*

around

stór: *áit stórála*

sinsearachta:

seniority



Aithníonn ciaróg ciaróg eile

pic: Balar

COMÓRTAS

Céard is ciall le:
eileachas?

- 1 a painful swelling of the feet
- 2 a philosophy being developed by TnG
- 3 alternative thinking.

Síntiús bliana saor in aisce don chéad fhreagra ceart aníos as an hata. Seol iad chuig: Comórtas, Cuisle, Casla, Co na Gaillimhe roimh an 20 Nollaig.

Buaiteoirí na gComórtaisí

Bíonn an tseanuirlis binn agus ciall cheannaithe ag na seandaoine arsa Bernie de Nais, 24 Clós Grattan, Gaillimh mar mhíniú ar 'dá shine an fheadóg is ea is mílse an fonn'.

Agus 'de réir a chéile a thógtar na caisleáin' arsa Féilim Mac Donncha, 107 Tailte na Loch, An Nás, Co. Cill Dara.

Droichead ar loch gan adhmaid gan chloch, sin leac oighre, agus is ag Máire Uí Fhlatharta, Inbhear, Ros Muc a bhí an freagra.

'Tá muid ar leathcharr sa teach seo againne', sin 'We're a one-car family' arsa Dáithí Shinéad Earnaí, 39 Faiche an Ghrágáin, Port Lairge sna Déisibh agus an ceart aige. Leathcharr, leathshúil, leathchois . . .

Comhghairdeachas leis na buaiteoirí.

• Tá muid buíoch dár léitheoirí uile a chuir iarratais isteach ar na comórtais éagsúla. Roghnaíodh na cinn thuas as hata a bhí lán le freagraí cearta.

seanchas

le Liam Ó Muirthile

(do Johnny Chóil Mhaidhc)

TÁ UAIGNEAS orainn araon le hais an chabhantair
Tí Pheadair Dick i ndiaidh an tseandreama inár n-amharclann
ach níl uaigneas orainn beirt níos mó ag seanchas ar an sean-
nós ar nós chuile nós ach go dtuigimid dá chéile ar aon nós.
D'éadan *corduroy* nach dteastaíonn *make-up* ar bith
lena aghaidh. Mise gan aghaidh fidil an mheigill níos mó.
An ré rúin óil, nár rún ar bith é tar éis an tsaoil, ré na *Minors*
mise im *Mhíni* tusa id *Mhorris* ag lámhacán thart ag *swerveáil*
roimh *photholes*, ag samhlú gur thugamar na cosa linn ar éigin
uair eile den uair dheireanach.

Bheadh fhios agatsa chuile mhac máthar
ar do bhóthar abhaile ó chleachtaí *Sive*
ag sadhbháil tar éis cúpla pionta den *pressure* Tí Shé
mise ag *jiweáil* na jigeanna ó Shliabh Eoghain go Baile Átha Cliath
trí chorpálár tréigthe chathair Chorcaí in am mharbh na hoíche
ag pumpáil an *bluake* le súil le Dia agus súil eile le Gardaí go
stadfadh sí, go dtí gur beireadh orm beirthe faoin *mbonnet*
ag iarraidh *sturt* eile a thabhairt don inneall stalcach.

Eachtraithe a chuirfeadh an ghruaig ina seasamh díreach
ar an bhfíog dá mbeadh ribe ar bith ó nádúir ar an gcreatúir
rud nach bhfuil dubh bán ná riabhach, ach an dá shuíl sin
ar chuma bulbanna dearga Nollag agus springeanna, hup,
ina leathdeiridh, *hap-alang cassidy* agus slócht air.

"Ói? Níor ól duine ar bith acu sin riamh ach dól.
Ag troid a bhíodh seisean, é siúd ag dul á chrochadh féin,
droch-phoitín sléibhe a tholg an fear eile nach gcuirfeadh raidil
ar chaoire an lá is fearr a bhí sé. Duine cúthail thú fhéin, mo
nós fhéin díreach, nach comhlúadar a thug isteach sinn?
Seandaoine nó gasúir óga, réitigh mé thar cionn leo uilig. Ach
an dream eatarthu . . .

"Chonaic tú giorria? Nach ag dul abhaile ó
nightshift a bhí seisean, leis an gcontráth a thagann sé amach,
Beidh *nibble* eile aige sula rachaidh sé isteach. *Beamish* eile
maith an fear. Míol? Níor chuala mé riamh é mara bhfuil sé sa
bhFiannaíocht? Bhí tú amuigh breá luath ar do chois, agus an
dream sin ag spídeáil ar an mbóthar mór thar an teach,
bhainfeadh siad an smut díot dá ngabhfaidís orlach amháin
eile i ngar don ngeata an dream céanna a bhíonn ag
spídeáil isteach agus a bhíonn amach, deifir ag obair agus
deifir abhaile pé'r bith galra a bhíonn ag dul dóibh.

"Fanaimse liom fhéin thuas sa seomra. Má éirím ag a sé fanaim
liom fhéin ag an tine ag léamh leabhair, O.J. Simpson agus an
American Football, ná bac sacar TnaG. Bíonn an dream óg ag
féachaint ar an sacar ar chuile *channel*, agus beidh fhios acu

cén pháighe atá chuile mhac máthar acu as chuile *team* ag
saothrú, cé leis a bhí sé ag imirt roimhe nó cá'il sé ag dul ina
dhiaidh. *Cat-and-mouse* a thugaimse ar an gceineál sin
útamála, ach gurbh fhearr an spraoi cat agus luch aon lá
bheadh greann féin ann rud nach bhfuil ar an *mbig-screen*.
Maicréil a deir tú? Romachaí . . .?"

"Níl aon uair go n-itheann sí ceann nach gcuimhníonn sí ort
á roinnt go fial ar an glann."

"D'íosfaínn béilí dhíobh dhá uair sa ló sin é do dhóthain ach
thugainn níos mó uaim ná thugainn liom ón trá, deireadh mo



pic: Archiva Chonamara/Bob Quinn

scannán ag déanamh páirt Raifteirí agus an Fhile araon, Johnny an file i bpáirt Raifteirí agus Johnny an t-aisteoir i bpáirt an Fhile ag babhtáil lúte Johnny an File, sa chumasc sin a dhein filí i gcomhpháirt sibh. Dhearmadas a rá leat, fáth anois mo scéil, an uair sin a bhíomar ag *filmeáil* gur shamhlaíos gur chineál David Lean mé féin, speabhraoidí orm i gcónaí tar éis Dhún Chaoin, ag lorg an *shot* deifnídeach de Johnny an File, gunna faoina ascaill ag siúl roimis ag foghlacaireacht lachan.

Ligean orainn, aisteoireacht ar ndó' agus gan aon chadhadh aonraic le feiceáil thart ach tú féin. Bhí an fear ceamara ag cur na dtrichosach uaidh, a dhá chois fhéin agus ceann an *phrima donna*, scanraithe ina bheatha roimh mhórpháirt Chonamara. Ina áit sin thug sé mo dhúshlán: *Call the shots*. Ba thrua liom san am nár ghlaos i gceart, do ghránghunna lódáilte le dhá philéar – an ceann a scaoilis don *sound-effect* agus an ceann eile dó féin.

Tá sé sin anois thart. Cé méid soicindí sa tseanchearta, a raibh na frathacha faoi scráith fós ann, iad ina bhfráma tagartha den té a bhí sa phortráid? Gabha agus file in éineacht – níorbh ionann an Gabha agus an file eile nár ghabha – a raibh na buillí teilgte inneonach fós ina cheann. Agus, ó is ort a chuimhním gach aon uair a chuimhním ar lámhach John Lennon. Bhíomar an oíche roimis Tí Phlunkett agus tú ag aithris do dhánta nuair a teilgeadh cloch trí fhuinneog a thuirling i lárstáitse. D'éirigh an fear ceamara as an *bhfilmeáil* le scanradh eile á mhaíomh go raibh a threalamh luachmhar i mbaol ó mhuintir bhuile Chonamara. An mhaidin dár gcionn, na sramaí im shúile d'inis Máirín dom go raibh John Lennon lámhachta.

Pé'r bith é, níor chualas i gceart í nó níor *registreáil* John Lennon na mBeatles im cheann ar ancaire roid Chonamara, tuigeadh dom gur fear ón áit a bhí cailte agus nach raibh aithne dá laghad agam ar Líonnánach na háite. Bhíos ag ithe bricfeasta thíos staighre sular phreab nuacht an raidió im bheatha mé. John Lennon Yoko i New York. Níor thuigeas gur tháinig na Beatles go Conamara chomh maith le háit, Corcaigh im chás-sa, Hennessy's Sráid Oliver Plunkett. Tá *Eleanor Rigby* agus *Chum Dia Dráma* ceangailte go deo anois in aon bhuille ceartan. Where do they all belong? Cén dráma?

Ní mór an blas a fuairis i ndáiríre ar mo chuid jócanna Corcaíocha,

bhíodar as áit, ag brath ar raon eile teanga i dteanga eile agus ar an idirghabháil áirithe chathrach sin ag bus-stadanna. B'fhada i gcéin ón *Northside* agus ón *Southside* a fuairis-se tógaint, cé nach bhfuil ann sa deireadh ach geograif, an áit a thiteann an crann. Bhí ár n-am istigh den dara huair agus chaitheas fágaint tar éis an dara síneadh láimhe agus ár ré tráite.

Dúirt tú féin go raibh sé riamh ráite go mbíodh sé riamh ráite nach mbíodh ómós ar bith ag an té a shábháiltear ón mbáthadh don té a thugann slán é. Chaithfeá féin rópa ag an té a bheadh á bháthadh cé go mbeadh eagla d'anama ort go n-iompófaí do sheanchurrach sa sáile. Táim i do dhiaidh aniar sa toinn. Chúlaíos uait amach as cúirt Thí Pheadair ómósach gur tugadh slán mé, na *house lights* á n-slíu de réir a chéile ar d'éadan méirscreach *corduroy* id rí stróicthe ag an daonnacht gan chumhacht ar riocht uafáis an uaignis ag deireadh dráma.

mháthair go ndéana Dia grásta uirthi oiread a fhágáil i dteach is a dhéanfadh béilí do chuile dhuine agus cúpla ceann thairis. Cén chaoi ar thug tú féin an Ghaeilge leat? Ón scoil agus i gCiarraí . . . Ar do chompord sa dá theanga. Thaitnigh cathair Chorcaí agus muintir Chorcaí riamh anall liom, ach bheadh dream eile ag cur i d'aghaidh i ngeall orthu. Is maith liomsa muintir Chorcaí. Má tá siad i d'aghaidh tá siad i d'aghaidh, ach má tá siad leat beidh siad leat go brách. Tá aithne agat ar na Baróidigh ar *Evergreen Road*? As an bparóiste céanna . . . ?"

Mo bhóthar síorghlas síoraí nach mbeidh inste go brách. Dúirt leat go raibh aiféala mór orm nár thógas an uair úd tú ar

An bhfuil fíoruisce sa b

THÁINIG FOINSE ar an saol dhá bhliain agus orlach go ham seo. Ní páipéar cúise é, ach páipéar nuachta. Ní páipéar Bhaile Átha Cliath, ach páipéar náisiúnta aniar. Is iriseoir seanbhunaithe atá

i mbun a dheartha, Seán Ó

Mainnín (Irish Press tráth), agus is fear Gaeltachta atá ina eagarthóir air, Breandán Delap, Conallach.

Is é *Foinse* an chéad pháipéar Gaeilge a tháinig i dtír ar an nuatheicneolaíocht – graificí, líne ISDN, ríomhphost na scríbhneoirí. Tháinig ann dó agus borradh ag teacht faoin tír, agus faoin teanga. Údar misnigh gach ní díobh sin, ach cé mar atá ag an bpáipéar?

Cuid de na scríbhneoirí, is daoine measartha óg iad. Scríobhann siad faoi pé ábhar a thagann ina dtreo ó sheachtain go seachtain. Ní bhíonn an-chur amach acu ar an ábhar atá faoi chaibidil, ná léargas grinn ar chúlra an scéil. Bíonn easpa údarais le brath ar chuid den scríbhneoireacht i bhFoinse dá bharr seo, agus ní furasta léitheoirí sinsearacha a mhealladh.

Roinnt de na scríbhneoirí, is airgead póca dóibh na cúpla punt breise a thuilleann siad le peann. Níl ceird na scríbhneoireachta ar a dtail acu, agus gontacht de dhíth.

Mar gheall air sin, teastaíonn córas fo-eagarthóireachta: meitheal bheag a dhéanadh athscríobh mar is cuí, coimriú agus ciorradh, ionas go rachaidh gach alt go croí na ceiste sa gcéad abairt. Ní féidir leis an eagarthóir sin a dhéanamh le leathchéad

alt gach seachtain. Profáil an leagan eagraithe, ciorraithe, agus tá alt fóna agat.

Is furasta an méid sin a rá. Ach níor mhór na fo-eagarthóirí a aimsiú, agus iad a íoc. Faoi mar atá, is éacht atá ann *Foinse* a chur i gcló gach seachtain. Ní móide go dtuigeann daoine é sin.

Is saol compóirteach atá i saol na Gaeilge. Lucht léite an nuachtáin, tá coinníollacha oibre i bhfad níos fearr ag a bhformhór ná mar atá ag lucht a fhoil-sithe. Is dóigh go bhfuil scéim pinsin ag go leor díobh, tuarastal saoil, agus má bhíonn siad tinn ar feadh cúpla lá, ní

thitfidh an tóin as an sáspan.

B'fhéidir go mbeadh cuid de na daoine sin sásta cuid den obair fo-eagarthóir-eachta a dhéanamh in aisce (via ríomhphost), ar son na cúise.

Is ceist inti féin í ceist na Gaeilge, ceist a bhaineann le cumas na scríbhneoirí agus le modhanna eagarthóireachta araon. Ní cuma an séimhiú agus an t-urú a bheith mícheart, agus an tuiséal ginideach a bheith ar iarraidh, ach tá níos mó i gceist le gramadach ná deilbhíocht, agus tá níos mó fós i gceist le stíl. Go minic, ní leor eolas a bheith in alt le léitheoir a mhealladh. Meallfar é má bhaineann sé sult nó taitneamh as an alt, chomh maith le heolas. Bainfidh sé sult as má bhíonn stíl ann.

Is beag rud i bpáipéar atá chomh tábhachtach leis na ceannaidil. Teastaíonn máistreacht faoi leith ar

an teanga le ceannuideal cruinn, feiliúnach, sothuigte a chumadh. Greann a bheith ann más gá, sollúntacht, uafás, discríd. Is obair chomh barrainneach céanna focal a chur le pictiúr.

De bharr an easpa údarais sna réimsí thuasluaite, tá ag teacht rite le *Foinse* dul i bhfeidhm ar lucht léinn agus teagaisc, agus ar léitheoirí a bhfuil Gaeilge fíormhaith acu. Tá daoine ann nach scríobhfadh alt sa bpáipéar ar fhaitíos na drochmheasa.

Trí réimse nach bhfuil scríbhneoir Gaeilge ar bith luaite leo, sin iad cúrsaí idirnáisiúnta, ceol traidisiúnta agus léirmheastóireacht teilifíse. Bíonn an léitheoir dílis do scríbhneoir(í) faoi leith, agus cothaíonn gach páipéar ceangal idir na léitheoirí agus na scríbhneoirí. Nach bhfuil trí ghort le saothrú ansin?

Tharlódh gur easpa scríbhneoirí is cúis le gort a bheith gan saothrú. Tá ganntan scríbhneoirí ann cinnte, agus fágann sé gur bog don scríbhneoir atá istigh. Má fhuaraíonn dúthacht an scríbhneora, níl malairt duine ag bualadh ar dhóras an eagarthóra ag féachaint le cois a chur isteach.

"Cuir beocht ann, nó . . .": sin maide nach bhfuil ag Breandán Delap le himirt ar Mháirtín ná ar Mhairéad. Agus tagann sé sa saol go mbíonn a chuid ábhair spíonta ag scríbhneoir.

Níl ach dornán beag iriseoirí sinsearacha ag scríobh i nGaeilge, agus is baolach gur mar sin a bheas. Tá Póilín Ní Chiaráin luaite le cúrsaí an Tuaiscirt, ionas gur ait le duine a



Foinse?

hainm a fheiceáil le réimsí eile, léirmheas ar TnaG faoi Shamhain cuir i gcás.

Dá ildánaí Cathal Mac Coille, fear diongabhála céad, ní féidir leis gach trá a fhreastal, agus nuair a theastaigh alt cuimsitheach faoi agóid na is airsean a thit an crann.

Bíonn altanna an-fhada ag na hiriseoirí sinsearach go minic. Déarfadh duine leis féin go n-iarrrtar orthu míle focal a bhaint as sé chéad, ionas gur cosúla le haiste an píosa a fhoilsítear ná le halt bríomhar. An léann mórán na haistí seo? An scríobhfadh Alan Dukes, Seosamh Ó Cuaig, Máire Geoghegan-Quinn, nó Seán Ó Tuairisc don pháipéar?

Is gné de leagan amach an pháipéir ón gcéad lá atá sna scéalta réigiúnda. Le scéal fada a dhéanamh gearr, níl ag éirí ach go measartha leis na scéalta aniar agus aneas. Ní mar mhíreanna seachtainiúla pé scéal é. Má bhíonn nuacht, gearradh agus preab iontu, is ó am go ham é. Easpa tuairisceoirí gairmiúla is cúis leis seo.

Scéalta a bhfuil feoil iontu, is nós iad a chur ar na leathan- aigh náisiúnta, 1 – 5.

Tá tuiscint ag an bhfoireann ar an rud is scéal mór ann. Páipéar maith Domhnaigh atá ann, ach tríd is tríd is drochpháipéir iad na páipéir Dhomhnaigh. Is ceist eile an bhfuil d'acmhainn ag saol na Gaeilge páipéar maith Sathairn a chur ar fáil. Muna n-éiríonn le *Foinse*, níl fáth ar bith a n-éireadh le páipéar seachtainiúil ar bith a thiocfas ina dhiaidh. Agus rud ar bith a dúradh

thuas, is tuairisc ar irisoiréacht na Gaeilge trí chéile é, chomh maith le bheith ina thuairisc ar *Foinse*. Muna n-éiríonn leis, beidh bearna ann nach líonfaidh seach ar bith.



Breandán Delap, Eagarthóir *Foinse*, Pádraig Ó Céidigh agus Micheál Ó Gruagáin, Bord na Gaeilge. pic: Mike Shaughnessy

Sna 'higher echelons'

Labhair Diarmuid Johnson le Pádraig Ó Céidigh, úinéir ar *Foinse*

Diarmuid Johnson: Cé mhéad cóip de *Foinse* a díoltar?

Pádraig Ó Céidigh: Díoladh 12,000 cóip de chéad eagrán. Bhí íslíú ina dhiaidh sin, agus lean an t-íslíú. Tuairim is 3,000 a bhí ann mí Iúil '97. Tá sé ag ardú anois, agus díolann muid 5,000 cóip nó níos mó.

DJ: Cé mhéad cóip a chuireann sibh i gcló?

PÓC: Chuir muid 20,000 cóip den chéad eagrán i gcló. Faol láthair, cuireann muid 8,000 i gcló. Dá gcuirfinse 20,000 cóip i gcló an tseachtain seo, dhíolfainn 10,000. Ach tá sé an-chostasach na cóipeanna breise sin a chur i gcló agus a dháileadh.

DJ: Arbh fhiú ardú deontais a iarraidh ar Bhord na Gaeilge?

PÓC: Ní dóigh liom go mbeidh ardú ann.

DJ: An bhfuil brabach agat ar *Foinse*?

PÓC: Tá. Ní fiú do dhuine a bheith ag plé le cornhlacht muna bhfuil brabach air.

DJ: Cén céadchodán den díolaíocht atá ina shintíúisí?

PÓC: Tuairim is an tríú cuid.

DJ: Dá mbeadh páipéar réigiúnach Gaeilge ann, ceann a dhéanadh freastal ar Chonamara, cuir i gcás, mar a dhéanadh *Amárach*, an dóigh leat go n-éireadh leis?

PÓC: Ní éireodh. Ní bheadh an t-éileamh ann.

DJ: Conradh cheithre bliana atá agat le *Foinse* le Bord na Gaeilge. An bhfanfaidh tú le *Foinse*?

PÓC: Níl a fhios agam. Chuir mise iarratas chuig Bord na Gaeilge mar gheall gur shíl mé nach raibh *Anois* ag freastal ar phobal na Gaeltachta. Shíl mé gur rud é a bhféadfadh daoine eile leas a bhaint as, agus ní raibh súil agam go nglactaí leis an iarratas.

CV an Chéidigh

- 1957: Rugadh sa Spidéal
- 1975: Ardteist, Coláiste Iognáid, Gaillimh
- 1978: BComm, Gaillimh
- 1981: Ardteastas in Oideachas
- 1982-92: Múinteoir matamataice agus tráchtála i gColáiste Iognáid
- 1989 & 91: Freastal ar Blackhall Place, cáilíocht dílódóra
- 1992: Bhunaigh sé cornhlacht dlí. Lean sé leis go dtí 1997
- 1996: Bunaítear *Foinse*
- 1996: Ceapachán ina stiúrthóir ar *Chlóddóirí Lurgan*
- 1997: Culreann forbairt ar *Aer Árann*



Nappy rash, thrush, and baby's discomforts: how do you discuss it with your partner in Irish? Labhair Cuisle le Nan Mhic Dhiarmada agus a fear Tom Phaidí, Cois Farraige, faoi na tinnis a bhíonn ar pháistí óga.



Siamsa agus Saol

1 NÍ CUIMHNEACH LIOM nuair a bhí mé ag éirí aníos go raibh aon dochtúir agam. Bhí an **leicneach** orm ach níor cuireadh soir aon dochtúir leis an leicneach. Ní raibh a fhios ag aon duine céard a bhí orm. Is dóichí go raibh mé naoi mbliana. Bhí an leicneach sách coitianta, agus tá i gcónaí. D'fhan mé a ceathair nó a cúig de laethanta sa leaba, agus sin é a raibh ann. Ní raibh caint ar aon dochtúir.

2 Bhíodh **craosghalar** ar pháistí freisin. Faoin teanga a bhíodh sé sin. Atann a mbéil amach. Níl leigheas an chraosghalair ach ag an té nach bhfaca a athair riamh. Pé brí céard a dhéanfaidh sé lena chuid lámha. Chaithfeá an té sin a iarraidh. Bhí sé ag Pádraic Bhaba anseo thiar. Tá sé básaithe le dhá scór bliain. Rinne sé do na céadta daoine é.

3 Tá mise a cheapadh faoi na rudaí sin ar fad gur fearr go dtabharfaidh siad a seal. Bhí trí mhí ar an **triuch**. Sin le rá go raibh sé mí ag tíocht, agus mí ort, agus mí ag imeacht. Uaireanta téann sé in othras. D'fhéadfadh sé a ghabháil in ainseal ort. Gheobhaidh sé greim ort má neartaíonn sé agus tá sé an-deacair fáil réidh leis. Má théann an triuch in ainseal ar pháiste, d'fhéadfadh sé go gcaillfí é. Bhí an buidéilín daor ann sa teach seo againne. Síoróg a bhí ann. Sin é an t-aon leigheas a chonaic mise sa teach ar an triuch ag mo mhuintir féin.

4 Bhí an **bhruitíneach** ann freisin, ach ní raibh sí sin ródhona ach na páistí a choinneáil te ar feadh cúpla lá. Ní raibh faitíos ar dhaoine roimh an mbruitíneach lenár linn sinne. Bhí siad a rá muna dtabharfaí aire don pháiste go mb'fhéidir go bhfágfaí éalaing air. Go mbeidís bodhar nó caoch. Iad a chur isteach

i seomra dorch. Naoi lá go dtabharfaidh an bhruitíneach a seal. Trí lá ag teacht, trí lá ina neart, trí lá ag imeacht.

5 Bíonn an **ghrís** míchompóirteach ar pháistí, is bíonn siad ite ag tochas. Sin é an rud is measa. Sailchlis — sin 'cnis' — atá ar an gcineál grise a bhíonn ar a chloigeann ar pháistín an-óg. Bíonn sé an-tirim is bíonn sé ag imeacht ina scráitheachaí. Tagann goiríní beaga freisin amach tríd an gcráiceann. Bíonn siad sin ar pháistí níos mó. Goiríní beaga is iad géar. Tagann gearbógaí orthu má scríobann siad iad. Gearbógaí, sin barr a thiocfadh ar an rud nach gcneasódh ceart. Is cineál crústa é.

6 **Scóladh** a bhíonn ar an bpáistín óg ar a thóin de bharr é a bheith fliuch nó salach. Bhíodh siad ag cur plúr dóite orthu — ní raibh aon *phowder* acu — ar a dtóin. Ní bhíodh sé dóite uilig ach é a chur síos ar an *bpan* go mbeadh dath rua air, agus dhéanfaidh sé an-éadrom é. Dá mbeadh an páiste scólta, chuirfí é sin orthu. Sin leigheas ar an scóladh. Tá gasúir ann a bhfuil craiceann an-lag orthu thar a chéile. Ach ní raibh rud ar bith chomh maith leis an aer a ligean chuige.

7 Faoi do theanga a bhí an **sileadh sidheáin**. Titeann an teanga bheag anuas ar an teanga mhór thiar sa bpíobán beagnach. Ní bhíonn an páiste in ann caint. Bíonn a chuid cainte briotach. Bhíodh daoine thart agus thóg-adh siad sileadh sidheáin ón duine. Bhainfidís dó a chaipín. Bhéarfaidís ar mhullach a chinn san áit a dtag-ann an ghruaig le chéile, agus tharraingeoidís an ghruaig agus chrochfaidís suas é. Thagadh an teanga bheag aníos ansin.

1 **leicneach** - mumps; **ag éirí aníos** - growing up; **coitianta** - common.

2 **craosghalar** - thrush; **at** - swell; **leigheas** - cure; **anseo thiar** - down the road.



3 **a seal a thabhairt** - to take their course; **triuch** - whooping cough; **in othras** - chun donais, in olcas; **in ainseal** - to become chronic; **go gcaillfí é** - that he would die.

4 **an bhruitíneach** - measles; **ach iad a choinneáil te** - provided they were kept warm; **lenár linn** - in our day; **Éalaing** - a disability; **caoch** - dall; **trí lá ina neart** - three days acute.

5 **grís** - rash; **tochas** - itch; **sailchlis** - dry loose skin on a young baby's scalp; **cnis** (cneas) - skin in facial area; **ag imeacht ina scraitheacha** - peeling, coming away abundantly; **goiríní** - pimples, hives etc; **gearrbhóg** - scab; **cneasú** - to heal.

6 **scóladh** - burn, nappy-rash; **plúr dóite** - burnt flour; **rua** - red; **craiceann lag** - sensitive skin.

7 **sileadh sídheáin** - thick tongue; **an teanga bheag** - the tip of the tongue; **an teanga mhór** - the back of the tongue; **píobán** - scornach; **briotach** - impaired; **mullach a chinn** - the top of his head; **crochadh** - to lift, raise.



Dia linn
Bhain
sibh ge

asam, a
pháistí. Bhí m
i mo chodladh. A
mhaith libh cárta
Nollag a dhéanam
in éineacht liom? T
sé éasca.....

Teastaíonn:

cárta bán
**(páipéar an-
tiubh)**
slosúr
dathanna
glitter
gliú
snáth bán
sellotape

- 1 Fill an cárta ina dhá leith
- 2 Gearr cruth uibhe as mar a bheadh fuinneog i lár an chárta
- 3 Cuir dath ar an gcárta bán
- 4 Déan dhá aingeal
- 5 Greamaigh droim le chéile iad agus...
- 6 ...greamaigh an snáth eatarthu.
- 7 Cuir éadan ar a aingeal agus maisigh ar fad
- 8 Cuir an t-aingeal i bhfuinneog an chárta.

Fiacail Bhréige do Rua

LÀ DORCHA báistí a bhí ann. Bhí Rua ag léamh, agus Nua, an caitín beag, ag spraoi le stoca buí.

'Cá mbíonn tú, a Rua nuair nach mbíonn tú sa gClúid?' arsa Nua.

'Bímse sa gClúid i gcónaí.'

'Bhí mé do do lorg inné, 's bhí tú amuigh.'

'Bhuel, chuaigh mé chuig an siopa leabhar.'

'An bhfuair tú aon leabhar deas?'

'Bhuel, *Dea-scéala* atá ar an leabhar seo.'

'Céard atá ann?' arsa Nua, is chaith sé uaidh an stoca buí.

'Ó, scéal na Nollag agus rudaí eile.'

'Inis scéal na Nollag dom, a Rua.'

'Tá sé an-fhada.'

'Inis é!'

Shocraigh Rua a chuid spéaclóirí.

'Bhí na haoirí amuigh ar chnoc os cionn bhaile Bheithile, ag aoireacht a dtréad caorach, nuair a tháinig aingeal an Tiarna chucu. Bhí solas geal thart timpeall air agus, ní nach ionadh, tháinig eagla ar na haoirí bochta. Labhair an t-aingeal leo: "Ní baol daoibh anocht agus is é Críost an Tiarna é. Gheobhaidh sibh é ina lúí i máinséar sa seanscioból atá taobh thiar den teach tábhairne úd i mBeithil. . .

'Céard ba mhaith leat don Nollaig, a Rua?' arsa Nua go tobann.

Níor dhúirt Rua tada, ach dhún sé a leabhar.

'Luchóigin bán is *battery* ann ba mhaith

liomsa,' arsa Nua agus é sa gciseán.

'Nach luchóig a fuair tú anuraidh?' arsa Rua.

'Ceann dearg.'

Tháinig Máirín isteach.

'Ar mhaith libh bainne te?' ar sí agus trí chupán aici.

'Tá Nua ag iarraidh luchóigin bán don Nollaig,' arsa Rua.

'Seo duit,' arsa Máirín agus thug an bainne dó.

'Céard ba mhaith leatsa, a Rua,' arsa Nua, agus d'ól sé bolgam den bhainne.

'Is ea,' arsa Máirín, 'céard ba mhaith leatsa, a Rua.'

'Ba mhaith liomsa fiacail san áit a bhfuil mant.'

Thosaigh Nua ag gáirí. Ní minic a dhéanann caitíní gáirí.

'Stop ag magadh,' arsa Máirín.

'Bíonn sé an-deacair orm an turcaí a changailt lá Nollag,' arsa Rua go mall, staidéartha, agus chuir sé a chrúb ina bhéal áit a raibh an mant.

'Glaofaidh mise ar an bhfiaclóir,' arsa Máirín, 'agus b'fhéidir go ndéanfaidh sé fiacail bhréige duit.'

'Fiacail bhréige do Rua, fiacal bhréige do Rua,' arsa Nua agus sceitimíní air. Is beag nár leag sé a chuid bainne.

'Bí socair,' arsa Rua.

'Ar mhaith leat fiacail bhréige?' arsa Máirín, agus thug sí slíocadh don mhoing fhada.

'Ba chuma liom,' arsa Rua, agus d'oscail sé an leabhar arís. . .

(Ar lean an mhí seo chugainn)


Na cúpla focal

TÁ AN IOMARCA foghlaimeoirí Gaeilge sa tír. 24,000 in aghaidh na bliana sna coláistí samhraidh. 24,000 sna Gaelscoileanna. 800 san ollscoil i gCorcaigh. 1,047 i gConamara le hÁras Uí Chadhain ('98), ní áirím ranganna an Chonartha, 200 craobh ar fud na tíre. Ní cur le líon na bhfoghlaimeoirí is ceart a dhéanamh, ach baint de. Ní foghlaimeoirí atá ag teastáil.

Is maith le daoine a bheith ag foghlaim Ghaeilge. 'Everyone who was anyone spoke Irish these days She would scour the local papers, sign on at an evening class. It would give her something to do.' (*Keeping the Night Watch* Fred Johnston '98). Agus is maith le daoine a gcuid páistí a chur ar Ghaelscoil. "The Galescoil is very handy," arsa bean liom, "it's on the way to work you know."

Tionscal bisiúil atá i dteagasc na Gaeilge. Fadó, bhíodh Gaeilge ag daoine ag fágáil na bunscoile dóibh. Sa lá atá inniu ann, tá céimithe ann nach bhfuil

Meon na bhfoghlaimeoirí ar an gcéad dul síos. Ní mian lena bhformhór an Ghaeilge a thabhairt leo. Is é an Béarla a dteanga. Thiocfadh scáth agus eagla orthu dá gceapfaidís go raibh an dara teanga an neadú go




domhain ina gcroí is ina n-aighe. Aonteangachas Béarla is mian leo. Agus cúpla focal Gaeilge, 'because we're different...'

Laghdaímís líon na bhfoghlaimeoirí. 'S cuirimís le líon na gcainteoirí.

cáilithe don obair atá ar fáil. Is dóigh go raibh riamh, ach tá an scéal ag dul in olcas. Dar ndóigh, tá fadhbanna litearthachta i saol an Bhéarla, i saol na Faincise agus na Gearmáinise. Ach sin scéal eile. Sa gcineál oideachais a bhí an fabht, arsa an Cadhnach (*An tSraith ar Lár*: 185). Céard atá cearr lenár linn féin? Tá seo: meon na ndaoine.

Meon na n-eagraisí teagaisc ar an dara dul síos. Ní hé múineadh na Gaeilge is príomhspríoc ná is príomhghnó dóibh, ach cur le líon na bhfoghlaimeoirí. Caitheann siad dúthracht leis an gcuid sin den ghnó, agus tá scil acu ann. Ach simplítear cúrsaí ar mhaithe le cur le líon na bhfoghlaimeoirí. Íslítear an caighdeán ar mhaithe le cur le líon na bhfoghlaimeoirí. Cuirtear



CLOCHA BEAGA SCARTHA Diarmuid Johnson

uisce san anraith.

'Dumbing down' a deir an Béarla nua leis sin. Ceist: What's two and two? Six. No, next: what's two and two? Five. That's better, that's not bad. Daonlathas a thugtar air sin freisin. Oideachas do chách.


Tá daoine ar fud na tíre - agus ar fud an domhain - ar mian leo Gaeilge a fhoghlaim. D'fhoghlaimeoidís Gaeilge dá mbeadh orthu siúl cosnócht chuig na ranganna, troscadh go luí na gréine, agus luí ar leaba tairní. Ach is mionlach iad. Ní choinneoidh siad seo ola le meaisín na ranganna Gaeilge. Ná ní líonfaidh siad seomraí leapan na dtithe lóistín. Ná ní íosfaidh siad 24,000 fry agus salad deas gach lá. 'Bums on seats' a thugann lucht margaíochta ar mheon na n-eagraisí Gaeilge.

Laghdaímís líon na bhfoghlaimeoirí. 'S cuirimís le líon na gcainteoirí. Déanaimís freastal ar an mionlach ar mian leo a gcuid féin a dhéanamh den Ghaeilge. Is é líon na gcainteoirí is tábhachtaí, agus bíodh an fheamainn ag na cúpla focal. Tá daoine a phós isteach sa nGaeltacht ag cur a gceaicinn díobh ag iarraidh teanga na gcliamhaineacha a mháistriú. Agus muna bhfuil i gceist ansin ach leithchéad duine, sin leithchéad teallach, os cionn céad páistí b'fhéidir, dóthain le trí scoil bheag a líonadh. Déanann brobh beart.


Continuing our series on Connemara placenames, **Tim Robinson** visits Cill Bhriocáin

Camchuairt Chonamara

Leagan Gaeilge le BRIDGET BHREATHNACH



TIM ROBINSON



An seanteapall i gCill Bhriocáin

pic: Balar

RINNE MÉ tagairt do Chill Bhriocáin san alt roimhe seo. Gobann an baile seo siar amach ó leithinis Ros Muc. Cuireadh an t-ainm seo ar an mbaile de bharr na seanbhallógaí séipéil (nó cille) atá ann ón séú aois déag agus gach seans gur ar shuíomh séipéil níos siné arís a tógadh é de réir *Antiquities of the Barony of Moycullen* a foilsíodh in iris don G.H.A.S. i 1947.

Glacaim leis gur don naomh céanna a tiocladh an séipéal seo agus don Bhriocán a bhunaigh Na Seacht dTeampaill in Árann de réir an seéil. Deirtear go raibh aighneas idir é féin agus Naomh Éinne maidir le deighilt an oileáin.

Teapall beag simplí atá i gCill Bhriocáin. Tá áirse beag os cionn an dorais ar dheis, é ina dhá phársa. Is féidir cuid de bhallaí theach an tsagairt a fheiceáil go fóill. Is sa tseanreilig atá an séipéal suite ar thaobh chonamara agus radharc álainn ar na crompáin agus sléibhte ó thuaidh de.

Tá Tobar Bhriocáin ar leic an dorais beagnach agus déantar cuairt ar an tobar ar an 15ú Lúnasa. De réir an tseanchais, bhíodh cloch in aice

leis an tobar, Leac Bhriocáin, áit a dtugadh daoine mionna, ach mionnaíodh bréag uirthi uair agus shlog an talamh í.

Sa leabhar *Mise 1952*, deir Colm Ó Gaora gurbh iad Muintir Uí Mháille a thóg an séipéal i gCill Bhriocáin. Bhíodh ar mhuintir na háite cead a fháil uathu na mairbh a chur sa reilig ann.

De réir cosúlachta, ghearradh na Máilleacha cáin ar gach clann i Ros Muc. Is le him agus le huibheacha nó a leithéid a dtiocadh daoine an cháin gach Domhnach Cáca.

Cuireadh deireadh leis in aimsir sinsinseanathair an Ghaoraigh ar thaobh a mháthar. Is éard a tharla go bhfuair Muintir Uí Chonaire agus Uí Chatháin an lámh in uachtar ar na Máilleacha lá ar chuir siad troid orthu. Choinnigh Muintir Uí Mháille a gcearta ar an séipéal áfach ar feadh na mblianta ina dhiaidh sin.

Tá baile Chill Bhriocáin féin suite siar ón reilig agus tamall suas uáithi. Is anseo a bhí cónaí ar Chaiflín Maude gar don áit a raibh an tseanfhaill. Fíle a bhí inti agus amhránaí ar an sean-nós. Gníomhaí i gcúrsaí polaitíochta ar son a teanga agus a dúchais a bhí inti chomh maith go dtí a bás tragóideach i 1982.

in aois a da scór agus bliain.

D'fhoilsigh *Coiscéim* a cuid filíochta i 1984. Fágann sin go bhfuil níos mó de shaoi Ros Muc i nua-litríocht na Gaeilge ná saoi áite ar bith eile, ach amháin Árann agus na Blascaoid, b'fhéidir.

Tugtar cúpla ainm ar an gcnocán i lár an bhaile: Droim an Bháire, mar gur ann a himríú na cluichí agus comórtais Lá an Phatrúin; Cnoc an Phatrúin; Cnocán na gCabán mar gheall ar na cabáin a dhioladh beatha agus deoch le linn na

féile.

Tá ceithre céibh i mBaile Chill Bhriocáin. Ar an taobh ó thuaidh de tá Caladh Chill Bhriocáin. Ar cheann thuaidh an ghoib tá Céibh an tSrutháin Bhui.

Tá an Céibh Nua ar Chuan na hAille Buí atá ar an taobh ó dheas den chuan. Ainmníodh an cuan ón dath meirge atá ar an aill. Ar deireadh tá Céibh Cheann an Bhóthair, é suite ar cheann thiar an ghoib.

Is féidir siúl amach ar Áth na mBeithíoch as an gcéibh seo go dtí An tOileán Mór. Is fada ó dúnadh scoil an oileáin, Scoil Muire Oileán Iarthach a tógadh i 1952. Tugadh an t-ainm sin ar an scoil mar gur ar Oileán Iarthach a bhí scoil suite.

Níl duine ar bith ina chónaí ar Oileán Iarthach níos mó. Tá céibh bheag ar an taobh thiar den oileán, beagán ó thuaidh den bhóithrín, tá lorg reilig páistí anseo, i beagnach idéite ag an bhfarraige. Níor chuala mé ainm na áite i gceart ach sílim gur Cultán nó Cultogha atá uirthi. Bheinn buíoch don léitheoir a chuirfeadh ar an eolas mé.

Tá iarsmaí de sheantóchar ann as seo chomh fada le hOileán Iarthach, agus bíonn siad faoi uisce ar rabharta. Is ar an gcladach thuaidh

trasna uaidh atá ballaí na seanscoile. Amach tamall ón tseanscoil tá oileáinín ar a dtugtar *Crow Island* i mBéarla, ach cuireadh an Béarla mícheart ar an oileán.

Is é an focal Gaeilge *cró* atá i gceist leis déarfainn. Ach más ea ní thuigim cén fáth gur tugadh *Poll an Chroaí* ar an gcrompán atá trasna uaidh agus in aice na scoile.

Mar chlabhsúr, deirtear liom gur Céibh an tSiléir a thugtar ar an gcaladh beag atá anseo cosúil leis an gcéibh arb ionann ainm di atá i ndeisceart Ros Muc.

Tá cur síos greannmhar faoin scoil san Oileán Iarthach san iris *Rosc '78* ag Pádhraic Ó Conchúir a bhí ag múineadh ann luath sna tríochaidí. Ós rud é go mbíodh air an dá áth a thrasnú le dul chomh fada leis an scoil ón áit a raibh lóistín aige, bhraitheadh

na huaireanta scoile ar an taoille.

Insíonn sé freisin faoin uair a tháinig an tAthair Ó Conaola go dtí an t-oileán agus a thug sé leis gach pictiúr beannaithe agus crois chéasta a bhí ar an oileán.

Dúirt sé go dtabharfadh sí ar ais iad dá ngeallfaidís éirí as déanamh an phoitín. Ba chuid mhór de theacht isteach na n-oileánach a bhí sa phoitín.

B'é deireadh an scéil go raibh na crúscáí agus eile ina gcarnán mór os comhair theach an phobail i Ros muc, áit ar dódh iad. Deirtear go raibh solas na tine ó thogha an phoitín le feiceáil na mílte ó bhaile. Tá dhá leabhar de chuid *Tim Robinson* aistrithe ag *Liam Mac Con Iomaire agus foilsithe ag Coiscéim*. Is iad sin *Spás, Am, Conamara* (£2) agus *Conamara Theas, Áit agus Míniú* (£4).

Bronntanais i gcomhair na Nollag



£4.50 - Bog
1-85791-273-X



£4.50 - Bog
1-85791-230-6

Cíti bhocht! Bíonn a cuid trioblóidí féin aici.
Páistí 8-11



Is iontach álainn draíochtúil an gairdín é *Gairdín an tSónais*. Tá idir scéal agus amhráin sa leabhar agus é maisithe ar fheabhas an domhain.

Páistí 6-10

£6.50 - Crua - 1-85791-089-3



£6.50 - Crua
1-85791-281-0



£7.50 - Crua
1-85791-275-6

Sa leabhar seo déantar scrúdú ar an Duine agus ar a ghaolta.
Déagóirí

Leabhar eile sa tsraith *Fuinneoga na Staire*. Is fiú go mór scéal na nInceach a léamh.
Déagóirí

(01) 809 5034 AN GÚM gum@educ.irigov.ie



FIONTAR

Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath

BSc in AIRGEADAS, RÍOMHAIREACHT AGUS FIONTRAÍOCHT
(Finance, Computing and Enterprise)

- Ríomhaireacht, Airgeadas agus Teanga Eorpach (Fraincis, Gearmáinis nó Spáinnis)
- Forbairt Fiontraíochta
- As Gaeilge toisc go bhfuil ceangal idir féiniúlacht náisiúnta, féinmhuinín agus fiontraíocht

UIMHIR DC118 i LÁMHLEABHAR AN CAO

Tuilleadh eolais ó:

Áine Ní Shúilleabháin, FIONTAR
Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU)
Baile Átha Cliath 9
Teil: 01-704 5614 Facs: 01-704 5690

Sclábhaíocht na bPáistí



21► Bíonn dearadh agus ainmneacha na mbréagán faoi smacht ag dornán beag ollchomhlachtaí – leithéidí Mattel, Hasbro, Fisher-Price, Bandai, agus Tyco. De ghnáth, áfach, ní dhéanann na comhlachtaí seo na bréagáin iad féin: déanann comhlachtaí beaga iad faoi cheadúnas.

Feileann an socrú seo do na comhlachtaí móra toisc go dtugann sé deis dóibh a rá nach bhfuil siad féin freagrach as coinníollacha oibre na n-oibrithe.

Comhlachtaí Móra na mBréagán

comhlacht	tairgí
Mattel	Barbie, Disney
Hasbro	Sindy, Action Man, Monopoly
Bandi	Power Rangers, Star Trek
Lego A/S	Lego, Duplo
Nintendo	Game Boy, NES, Ultra 64
Sega	Game Gear, Pico

Deir Harry Wu, iarrphríosúnach polaitiúil Síneach a chónaíonn anois sna Stáit Aontaithe, go gcuirtear iachall ar na céadta príosúnach polaitiúil obair a dhéanamh ar dhéantús na mbréagán.

In Bangkok, áit a ndéantar coileáiníní beaga 101 Dalmation, chomh maith leis an iliomad bréagán eile, níl ach thart ar 800 oibrithe as 4,000 ina mbaill de cheardchumann. Nuair a milleadh lámh oibrí amháin in inneall éigin, tugadh £15 agus an bóthar dó in éineacht.

I monarcha eile sa Vietnam tháinig tinneas ar 200 oibrithe a bhí ag spréail bréagáin bheaga MacDonalds don chomhlacht Hasbro. Chuaigh siad ag lorg cúitimh agus tugadh bata is bóthair dóibh ar an toirt.

Bíonn Disney ag brath ar oibrithe i gcomhlachtaí beaga gan scrupall i Haiti le pyjamas a fhúail le deartha Pocahantas agus pearsana eile dá chuid. Faigheann na hoibrithe – ar páistí cuid mhór díobh – 12 cent san uair.

Uaireanta fada in ionaid oibre contúirteacha ar mhaithe le cúpla pingin suarach: sin an saol a bhíonn ag na hoibrithe – fir, mná agus páistí óga – sna tionscail seo ar fad.

Nuair a thagann Lá Nollag, an n-osclóidh do pháiste féin bréagán nó dhó a rinne siad?



go domhain
sa scéal

CUISLE

12 EAGRÁN AR £20!

Cuirfidh muid an chéad dá eagrán eile de *Cuisle* chugat – SAOR IN AISCE. Má thaitníonn siad leat, ní íocfaidh tú ansin ach IR£20 nó UK£20 (US\$80 postas san áireamh) le haghaidh naoi gcinn eile. Sin 11 eagrán san iomlán, ina measc eagrán speisialta Iúil/Lúnasa.

Níl aon cheangal ortsa leanacht leis an síntiús tar éis an chéad dá eagrán a léamh. Muna dtaitníonn siad leat, ní call duit ach na focail 'CUIR AR CEAL' a scríobh ar an mbille a chuirfidh muide chugat agus é a sheoladh ar ais chugainn. Cuma céard a shocraíonn tú, beidh an dá eagrán agat le coinneáil i gcónaí. Ní gá ach an fhoirm thíos a líonadh isteach agus a chur sa phost.

We'll send you the next two issues of Cuisle – ABSOLUTELY FREE. If you like them, you'll pay just IR£20 or UK£20 (US\$80 including postage) for nine additional issues, including the special July/August summer issue.

If you're not completely satisfied with your preview copies, simply write 'CANCEL' on your invoice and return it. You'll owe nothing, and the free issues will remain yours to keep. Just fill in the form below and send it on.

Ainm/name

Sloinne/surname

Seoladh/address

.....

.....

Teil/tel

Ríomhphost/Email

Síniú/signature

Dáta/date



SEÁN MAG UIDHIR

MÍ MHEITHIMH na bliana seo theip ar Phairtí Daonlathach Uladh síochán ar bith a bhaint amach i gComhthionól nua Stormont. D'éirigh go maith le ceannairí an pháirtí Gary McMichael i Lios na gCearrbhach agus Davy Adams i ndeisceart Bhéal Feirste. Ach níor éirigh go rómhaith le hiarrthóir ar bith eile de chuid an pháirtí, ina measc an t-iar-chime saoil John White, an té a dhúnmharaigh an Seana-dóir Paddy Wilson agus a chara Irene Andrews i 1974.

Leis an áthas uilig a lean an reifreann agus torthaí thoghcháin an Chomhthionóil, déanadh neamhaird den bheagán ionadaíochta agus den easpa tionchair atá ag an UDP i saol mór na polaitíochta feasta.

Bhí imní ann áfach i measc ghnáthChaitlicigh Bhéal Feirste nach mbeadh srian ar bith feasta ar an UDA, comhghleacaithe an UDP, dá mbeadh náisiúnaithe ag dul chun tosaigh sa saol polaitiúil.

Le déanaí mharaigh gunnadóirí dílseacha Brian Service agus é ag dul abhaile. Ba eisean an chéad Chaitliceach a maraíodh i dtuaisceart Bhéal Feirste ó mharaigh paramhíleataigh dhílseacha 11 duine i mí na Nollag 1997 agus i mí Eanáir na bliana seo.

Ag an am sin scaip eagla na seanlaethanta i measc na gCaitliceach ina plá. Bhí na sráideanna bánaithe arís san oíche i gceantar inar maraíodh 550 duine le 30 bliana. Ba le grúpaí armtha dílseacha a thit a bhformhór.

Ar dtús dúirt an LVF go raibh siad freagrach as bunús na n-ionsuithe sin. Ach bhí muintir an cheantair deimhneach de go raibh an UDA freagrach as an fheachtas sin ó aithníodh ball den eagraíocht sa charr a d'iompair maraitheoirí Eddie Treanor ó láthair an ionsaithe ag an Clifton Tavern Oíche Chinn Bhlíana.

Mí ina dhiaidh sin, tháinig an UDP faoi bhrú ollmhór ó na páirtithe eile a bhí páirteach i gcainteanna Stormont san am, agus d'admhaigh an UDA go raibh siad freagrach as roinnt de na maruithe a tharla san am.

Bhí ar an UDP na cainteanna a fhágáil ar feadh roinnt seachtainí dá bharr sin. Agus is é sin an fáth go bhfuil pobal thuaisceart Bhéal Feirste chomh buartha sin go bhfuil sraith nua ionsuithe amach romhainn. Mar cé a choinneoidh srian ar an UDA nuair nach bhfuil tionchar ar bith feasta ag an UDP ar an saol polaitiúil?

Ní chreideann duine ar bith anseo gur ann ar chor ar bith don ghrúpa Red Hand Defenders, dream a dhearbhaigh gur mharaigh siad Brian Service.

Creideann muintir thuaisceart na cathrach nach bhfuil ann ach ainm bréige don UDA.

Is léir nach gcreideann Mo Mowlam é ach oiread. Cé nár

dhúirt sí sin os ard, chuir sí stop le saoradh cheannaire an UDA Johnny Adair ón phríosún.

Bhí Adair i mbun grúpa dílseoirí a bhí freagrach as marú idir 20 agus 30 Caitliceach go luath sna 1990í go dtí go bhfuarthas ciontach é i stiúrú sceimhlitheoireachta i 1995. Tá an saol an-chontúirteach ar fad faoi láthair, mar sin, don ghnáthChaitliceach ó tharla go bhfuil an próiseas síochána stoptha agus é ag lobhadh in aghaidh an lae.

Ó theip ar an UDP tionchar polaitiúil a bhaint amach tá gach cathú ar an UDA filleadh ar na seanmhodhanna chun tionchar a imirt ar an dul chun cinn – nó an easpa dul chun cinn. Ní hionann agus na polaiteoirí sa PUP, Billy Hutchinson agus David Ervine mar shampla, níl dul chun cinn feiceálach gur féidir le Gary McMichael agus a chomhghleacaithe a thaispeáint d'fhir chrúa an UDA i dtaobh an phróiséis a bhfuil siad taobh amuigh de.

Nuair a mharaigh siad Brian Service ar an dáta a raibh feidhmeannas le ceapadh agus fearais thrasteorann le cur ar bun ó thuaidh, bhí an UDA ag taispeáint go gcuirfeadh siad in aghaidh dul chun cinn ar bith sna hinstitiúidí nua.

Murar féidir leo sin a dhéanamh tríd an chóras polaitiúil, déanfaidh siad le láimh láidir é. Níl sa Red Hand Defenders agus na gunnaí 'glana' – gunnaí nár deineadh lámhach leo – ach bréagadóireacht lena gcuid cimí a shaoradh luath ó na príosúin.

Agus ní hionann agus an Fíor IRA, a tháinig faoi bhrú ollmhór as ucht a ngníomhartha níos luaithe sa bhliain, ní raibh aon rirá mór fá dtaobh de mharú Brian Service ach amháin i measc an chomhphobail ar díobh é.

Ar theiliteacs an BBC deich n-uaire i ndiaidh a bháis, ní raibh sé i liosta an chéad deich bpríomhséal.

Níor cháin iomlán na bpáirtithe aontachtacha an gníomh ach oiread, agus bhí a mbunús sásta glacadh leis go raibh an grúpa nua anaithnid seo freagrach as an mharú ionas nach mbeadh orthu gníomhú ar bhealach ar bith ar cheist an UDA.

Mar sin níl mórán dóchais ag muintir na háite seo go mbeidh Brian Service ar an duine deireanach a gheobhaidh bás i marú den sórt seo, ach a mhalairt ar fad. Cá huair a tharlóidh sé arís, sin í an cheist atá i mbéal na ndaoine, agus é ina scéal cinnte acu go dtarlóidh.

Cé nach féidir leis na páirtithe polaitiúla a leithéid seo d'ionsaí a stopadh ina n-aonar, ba mhaith an rud don phobal go sárófaí na fadhbanna atá sa phróiseas polaitiúil i láthair na huaire go gasta agus go gcomhlónfaí téarmaí Aontas Aoine an Chéasta.

Ní chuirfeadh sin deireadh leis an marú ar an toirt, ach chuideodh sé go mór le hatmaisféar a chrúthú a bhainfeadh an ghaoth as seolta an UDA nó grúpa ar bith eile atá ag cogaíocht leo agus ré an chogaidh caite.



Brian Service

Eagarthóir an North Belfast News é an t-údar

BAINISTEOR FÓGRAÍOCHTA



CUISLE

IRIS DON AOIS NUA

**Ar mhaith leat post dúshlánach
ina bhféadfá suas le £20,000 sa
bhliain a shaothrú?**

Tá folúntas ag *Cuisle* le haghaidh bainisteoir fógraíochta. Duine bríomhar atá in ann oibriú leis nó léi as a stuaím féin. Ba bhuntáiste taithí margaíochta agus pearsantacht oscailte thaitneamhach. Cuirfear oiliúint den scoth ar fáil i mBaile Átha Cliath don té a roghnófar.

Is í an Ghaeilge teanga oibre an chomhlachta ach tá Béarla líofa riachtanach chomh maith.

Seol d'iarratas maraon le CV chuig:
Cuisle, Casla, Co na Gaillimhe roimh an 12 Nollaig.
Eolas: 091 572076.

GNÉ-ALT TRÁCHTÁLA

REACTÁLFAR an tAonach Ceardaíochta is mó ariamh i nGaillimh san ionad nua An Dubhlann (Black Box) ón 15ú -19ú Nollaig. Réimse fhairsing d'earraí láimhe a bheas ar díol ann, iad déanta ag ceardaithe oilte as Gaillimh, Conamara, Maigh Eo, Ros Comáin, An Clár, agus Ciarraí.

Ina measc, beidh potaireacht, adhmadóireacht, síodchló, bréagáin, cníotáil, seodóireacht, coinnlí, bláthcheardaíocht, gloine shnoite, gloine dhaite, grianghrafadóireacht, fíodóireacht, earraí leathair agus go leor eile.

Bhíodh an t-aonach bliantúil seo lonnaithe in Ionad Siopadóireacha na Faiche Móire, ach bhí deacrachtaí spáis ann. Leis an suíomh nua, táthar ag súil go ndéanfar forbairt ar an aonach sa chaoi is go mbeidh sé chomh mór leis an gceann a bhíonn ar siúl san RDS i mBaile Átha Cliath.

Beidh deis agat do scéith a ligean ann agus cupán tae nó caifé a ól ar do shuaimhneas. Eolas: 091 553255.



Aonach Ceardaíochta na Gaillimhe

sa
Dubhlann - Black Box
15-19 Nollaig

Scoth na Ceardaíochta ó
dhá scór ceardaithe ar
taispeáint ag an aonach is
mó riamh i nGaillimh

16:30-24:00

I rith na seachtaine

12:00-24:00

ag an deireadh seachtaine

102 FM
Raidió na Life

102 ... beo!

FÓGRAÍ BEAGA CUISLE

An bhfuil leabhar Gaeilge ar leith á lorg agat? Leagan d'amhrán ar an sean nós? An bhfuil tú ag cuartú anamchara sa Ghaeltacht? Nó cailín deas Gaelach cols na Laoi? Nó ar mhaith leat beannachtaí na hAthbhliana a chur ar do chairde?


An mhí seo chugainn cuirfear tús le seirbhís fógraí beaga dár léitheoirí. Seirbhís do léitheoirí aonaracha atá i gceist, ní do chomhlachtaí tráchtála. Ní gá ach téacs d'fhógra (30 focal ar a méid) a chur chugainn, agus táille £20.

Tairiscint speisialta: foilseofar an chéad 10 fógra a fhaigheann muid SAOR IN AISCE in eagrán mhí Eanáir.

Spriocdáta don chéad eagrán eile: 17 Nollaig. Seol chugainn d'fhógra chuig: *Cuisle*, Casla, Co na Gaillimhe; nó cuir chugainn ar an bhfacs é chuig 091 572076; nó cuir chugainn ar ríomhphost é chuig cuisle@tinnet.ie.

RÁTAÍ TRÁCHTÁLA:

GLAOIGH AR 091 572077



Aran Salmon

Cill Rónáin, Oileáin Árann

Teil: 099-61240 Gaillimh: 091-22382

Facs: 091-61963

Telex: 50137

Bronntanaisí Pearsanta agus Bronntanaisí Gnó

Bradán deataithe na darach

Bradán deataithe na darach is blas cneamh air

Bradán deataithe na darach le *truffles*

Bradán deataithe na móna

Isteach chugat ón Atlantach fiáin

BBC Thuaisceart Éireann

Aonad na Gaeilge

Bíonn clár Gaeilge le cluinstitín gach oíche sa tseachtain
ar BBC Raidió Uladh.

Luan go Déardaoin 7.30 - 8.00 i.n: **BLAS**

le Róisín Ní Chéileachair agus Antaine Ó Donnaile.

Clúdaítear na scéalta is mó atá i mbéal an phobail, idir chúrsaí reatha, chúrsaí ealaíne
agus spórt.

Dé hAoine ag 7.02 i.n: **KAREN NA hAOINE**

Plé ar cheol, scannáin agus imeachtaí eile an deireadh seachtaine le
Karen Ní Ghallchóir

Dé Sathairn ag 6.10 i.n: **CASCHLÁR** le Brian Mullen

Dé Domhnaigh ag 6.15 i.n: **AN DLAOI MHULLAIGH**

le Colm Mac Aindrea

- deireadh ceolmhar le craoltóireacht Ghaeilge na seachtaine!

BBC RAIDÍÓ ULADH

92.4-95.4 FM 873, 1341 AM

Seoladh idirlín: aonad@bbc.co.uk

Guthán: 01232 338043

an t-e a thuig iaoin saol thoinn

Bhí tuiscint riamh in Éirinn ar an Saol Fó Thoinn agus is é John Philip Holland as Lios Ceannúir i gCo. an Chláir a cheap an chéad fhomhuireán ón saol seo a chenaic Manannán.

Bhí dearcadh ar leith ag Holland, a dhearcadh fein, dearcadh an Éireannaigh. **Is dream ar leith muintir na hÉireann agus is stáisiún leithleasach teilifíse TnaG.** Stáisiún ar aon mheon linn fein, stáisiún a bhfuil an dearcadh ar leith sin aige - an dearcadh Éireannach.



TnaG. Briseann an dúchas.

Website-[http:// www.tnag.ie](http://www.tnag.ie)